



---

*Uimhir 24 de 1997*

---

**ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**RIAR NA nALT**

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

Alt

1. Gearrtheideal
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.
4. Feidhm.
5. Caiteachais.
6. Aisghairm agus cosaintí.

**CUID 2**

**BUNÚ AGUS CÉANNACHT OLLSCOILEANNA**

7. Ath-chomhdhéanamh comhcholáistí.
8. Forais oideachais a chorprú le hollscoileanna láithreacha.
9. Ollscoileanna breise a bhunú.
10. Ainm ollscoile a athrú.
11. Leasú ar an Acht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989, agus ar an Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989.

**CUID 3**

**OLLSCOILEANNA I gCOITINNE**

**CAIBIDIL 1**

*Cuspóirí agus feidhmeanna*

12. Cuspóirí ollscoile.
13. Feidhmeanna ollscoile.

14. Saoirse acadúil.

CAIBIDIL 2

*Rialachas*

15. Údarás ceannais.

16. Comhdhéanamh an údaráis ceannais.

17. Cathaoirleach an údaráis ceannais.

18. Feidhmeanna an údaráis ceannais.

19. Cuairteoir.

20. Cuairt.

21. Údarás ceannais a chur ar fionraí.

CAIBIDIL 3

*Socruithe Eatramhacha*

22. Leanfaidh comhlachtaí ceannais coláistí láithreacha, etc, de bheith in oifig go dtí go gcomhdhéanfar na chéad údaráis ceannais.

23. Comhdhéanamh an chéad údaráis ceannais a chinneadh.

CAIBIDIL 4

*Foireann na hOllscoile*

24. Príomhoifigeach.

25. Foireann.

26. Díospóidí a réiteach.

CAIBIDIL 5

*Comhairle Acadúil*

27. Comhairle acadúil.

28. Comhdhéanamh na comhairle acadúla.

29. Gnó na comhairle acadúla.

30. Comhairlí acadúla láithreacha do leanúint ar marthain.

CAIBIDIL 6

*Cairteacha agus Reachtanna*

31. Cairteacha agus cairteacha forlfontacha.

32. Cairteacha a chaomhnú.

33. Reachtanna.

CAIBIDIL 7

*Pleanáil agus Meastóireacht*

34. Plean forbartha straitéisí.

35. Dearbhú cáilíochta.
36. Beartas comhionannais.

CAIBIDIL 8

*Airgeadas, Maoin agus Tuairisciú*

37. Buiséid.
38. Iasachtaí agus ráthaíochtaí iasachtaí.
39. Cuntais agus taifid a choimeád.
40. Táillí.
41. Tuarascáil agus faisnéis.
42. Talamh a dhiúscairt, etc.

CAIBIDIL 9

*Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

43. Bunú Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.
44. Foireann láithreach a aistriú.

CUID 4

OLLSCOIL NA hÉIREANN

45. Leasú ar Chairt Ollscoil na hÉireann.
46. Leasú ar an Irish Universities Act, 1908.
47. An bhaint atá ag na comhollscoileanna le hOllscoil na hÉireann.
48. Comhaltas comhollscoileanna.

CUID 5

AN TÚDARÁS

49. Athbhreithnithe
50. Treoirínte.
51. Faisnéis i dtaobh foirne.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

52. Gan ollscoil a thabhairt ar fhoras oideachais.

SCEIDEAL 1

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

SCEIDEAL 2

AN TÁBLA

[Uimh. 24.] *Acht na nOllscoileanna, 1997.* [1997.]

SCEIDEAL 3  
ÚDARÁS CEANNAIS

SCEIDEAL 4  
AN PRÍOMHOIFIGEACH

SCEIDEAL 5  
AOISLIÚNTAS

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna Eadrána, 1954 agus 1980	
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989	1989, Uimh. 15
An tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992	1992, Uimh. 15
Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971	1971, Uimh. 22
<i>Irish Universities Act</i> , 1908	8 Edw. 7 c. 38
Acht an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas, Baile Átha Cliath, 1980	1980, Uimh. 30
Acht an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas, Luimneach, 1980	1980, Uimh. 25
Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992	1992, Uimh. 16
An tAcht um Ollscoil Luimnigh, 1989	1989, Uimh. 14





---

*Uimhir 24 de 1997*

---

## **ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO CHOMHDHÉANAMH NÓ DO BHUNÚ COLÁISTÍ AGUS OLLSCOILEANNA ÁIRITHE MAR OLLSCOILEANNA FAOIN ACHT SEO, DÁ CHEADÚ FORAIS OIDEACHAIS A CHORPRÚ MAR CHODANNA d'OLLSCOILEANNA NÓ MAR OLLSCOILEANNA INA gCEART FÉIN, DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH RIALÚ OLLSCOILEANNA A FHAIGHEANN AIRGEAD ARNA SHOLÁTHAR AG AN ÚDARÁS TRÍ ÚDARÁIS CHEANNAIS AGUS COMHAIRLÍ ACADÚLA A CHOMHDHÉANAMH AGUS SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LENA gCUMHACHTAÍ AGUS LENA bhFEIDHMEANNA, DO DHÉANAMH SOCRUITHE ÁIRITHE I nDÁIL LE FOIREANN, PLEANÁIL AGUS GRINNSCRÚDÚ AGUS TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS OLLSCOILEANNA, DO LEASÚ NÓ DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE BUANÚ AGUS LEASÚ CAIRTEACHA OLLSCOILEANNA ÁIRITHE AGUS LE BUANÚ REACHTANNA, d'AISGHAIM ACHT AN FHORAIS NÁISIÚNTA UM ARD-OIDEACHAS, LUIMNEACH, 1980, ACHT AN FHORAIS NÁISIÚNTA UM ARD-OIDEACHAS, BAILE ÁTHA CLIATH, 1980, AGUS FORÁLACHA ÁIRITHE d'ACHTANNA EILE, DO LEASÚ ACHTANNA ÁIRITHE EILE, AGUS CHUN CRÍOCH COMHGHAOLMHAR.

*[14 Bealtaine, 1997]*

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

### CUID 1

#### RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

- 1.—Féadfar Acht na nOllscoileanna, 1997, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal
- 2.—Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla den Acht seo. Tosach feidhme.
- 3.—(1) San Acht seo mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Léiriú.

ciallaíonn “an tÚdarás” an comhlacht a bhunaítear le halt 2 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971;

folaíonn “cathaoirleach”, i ndáil le húdarás ceannais, an príomhoifigeach, leasathaoirleach agus duine a bheidh i gceannas ag cruinniú den údarás, le linn dó nó di a bheith ag feidhmiú mar chathaoirleach nó a bheidh i gceannas amhlaidh;

ciallaíonn “príomhoifigeach”—

- (a) duine a cheapfar faoi alt 24 mar phríomhoifigeach ollscoile, nó
- (b) príomhoifigeach ollscoile, comhcholáiste, Coláiste Aitheanta nó forais oideachais, cibé ainm a thugtar air nó uirthi, ar oifigeach é nó í a choimeádtar in oifig chun críocha an Achta seo,

agus foláíonn sé duine a bheidh ag feidhmiú in oifig príomhoifigigh nó ag comhlíonadh dualgas príomhoifigigh;

ciallaíonn “coimisiún” coimisiún a cheapfar faoi alt 23 (1),

ciallaíonn “comhcholáiste” coláiste ollscoile a shonraítear i gcolún 1 den Dara Sceideal;

ciallaíonn “comhollscoil” ollscoil a shonraítear i gcolún 2 den Dara Sceideal nó Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad;

ciallaíonn “Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath” an ollscoil a bunaíodh le halt 2 den Acht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989;

ciallaíonn “fostaí”, i ndáil le hollscoil, duine atá fostaithe ag an ollscoil in aon cháil, agus foláíonn sé oifigeach don ollscoil;

ciallaíonn “bliain airgeadais” tréimhse 12 mhí dar tosach an 1ú lá d’Eanáir gach bliain;

ciallaíonn “an chéad údarás ceannais” údarás ceannais ollscoile mar a chomhdhéanfar an t-údarás ceannais sin den chéad uair tar éis thosach feidhme Chuid III nó, i gcás ollscoile breise a bhunófar faoi alt 9, mar a chomhdhéanfar é den chéad uair tar éis an ollscoil sin a bhunú;

foláíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais;

foláíonn “údarás ceannais”—

- (a) duine nó comhlacht a cheapfar faoi alt 21 (4) chun feidhmeanna údaráis ceannais a chomhlíonadh,
- (b) i ndáil le húdarás ceannais nua a cheapadh tar éis údarás ceannais ollscoile a fhionraí faoi alt 21 (4), Cuairteoir na hollscoile sin,
- (c) i ndáil le chéad údarás ceannais ollscoile a cheapadh, an coimisiún don ollscoil sin, agus
- (d) ach amháin a mhéid a theorannaítear a fheidhmeanna faoi alt 22, comhlacht ceannais arna choimeád ar marthain leis an alt sin;



ciallaíonn “an tAire” an tAire Oideachais;

ciallaíonn “Ollscoil na hÉireann” an ollscoil ar a dtugtar an t-ainm sin i mBaile Átha Cliath, arna comhdhéanamh agus arna bunú le cairt de bhun an *Irish Universities Act, 1908*;

folaíonn “oifigeach”, i ndáil le hollscoil—

- (a) duine buan, lánaimseartha d’fhoireann acadúil na hollscoile,
- (b) an príomhoifigeach,
- (c) duine is oifigeach d’ollscoil, do chomhcholáiste nó do choláiste aitheanta díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, agus
- (d) cibé fostaithe eile a chinnfidh an t-údarás ceannais ó am go ham;

ciallaíonn “Coláiste Aitheanta” coláiste aitheanta de chuid Ollscoil na hÉireann;

ciallaíonn “an Seanad” Seanad Ollscoil na hÉireann;

ciallaíonn “reachtanna” na reachtanna a dhéanfaidh údarás ceannais faoi alt 33 (1), agus foláíonn sé reachtanna a choimeádtar i bhfeidhm le halt 33 (3);

ciallaíonn “mac léinn”, i ndáil le hollscoil, duine atá cláraithe mar mhac léinn ag an ollscoil nó oifigeach lánaimseartha de chuid Aontas na Mac Léinn nó de chuid chomhlachta eile atá ionadaitheach do mhic léinn san ollscoil agus atá aitheanta ag an údarás ceannais, ar duine é nó í a toghadh nó a ceapadh chuig a oifig nó a hoifig den chéad fad a bhí sé nó sí ina mhac léinn cláraithe nó ina mac léinn cláraithe de chuid na hollscoile;

ciallaíonn “Aontas Mac Léinn” comhlacht arna bhunú chun leasanna ginearálta mac léinn ollscoile a chur chun cinn agus a dhéanann ionadaíocht do mhic léinn, go leithleach agus i dteannta a chéile, i leith nithe acadúla, araíonachta agus eile a éireoidh laistigh den ollscoil;

ciallaíonn “Coláiste na Tríonóide” Coláiste na Tríonóide Naofa Neamh-Roinnte Leis an mBanríon Eilís in aice le Baile Átha Cliath a bunaíodh le cairt dar dáta an 3ú lá de Mhárta, 1592, agus glacfar leis go bhfoláíonn sé Ollscoil Bhaile Átha Cliath ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt de réir na gcairteacha agus na litreacha paitinne a bhaineann le Coláiste na Tríonóide;

ciallaíonn “Ollscoil Bhaile Átha Cliath” an ollscoil a bunaíodh leis na cairteacha agus na litreacha paitinne ina gcorpraítear Coláiste na Tríonóide agus déantar foráil fairis sin maidir leis an ollscoil sin le litreacha paitinne an 24ú lá d’Iúil, 1857;

ciallaíonn “Ollscoil Luimnigh” an ollscoil a bunaíodh le halt 2 den Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989;

ciallaíonn “Cuaríteoir” an Cuaríteoir nó na Cuaríteoirí chuig ollscoil nó duine a cheapfar faoi alt 19 chun bheith ina Chuaríteoir nó ina Cuaríteoir chun aon chríche faoin Acht seo.

(2) San Acht seo, lena n-áirítear Sceideal a ghabhann leis an Acht seo—

- (a) ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, déanfar tagairt d'aon achtachán eile a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú le haon achtachán eile, nó faoi aon achtachán eile, lena n-áirítear an tAcht seo,
- (b) aon tagairt d'alt, do Chaibidil nó do Chuid, is tagairt í d'alt, do Chaibidil nó do Chuid den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,
- (c) aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhómhír, is tagairt í d'fho-alt, do mhír nó d'fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus
- (d) aon tagairt do Sceideal, is tagairt í do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo.

(3) Aon tagairt san Acht seo do chomhlíonadh feidhmeanna foláionn sí tagairt d'fheidhmiú cumhachtaí agus do chomhlíonadh dualgas.

Feidhm.

4.—(1) Gan feidhm ghinearálta an Achta seo a theorannú, ach faoi réir fho-alt (2), beidh feidhm aige maidir leo seo a leanas—

- (a) na comhollscoileanna,
- (b) Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
- (c) Coláiste na Tríonóide,
- (d) Ollscoil Luimnigh, agus
- (e) cibé ollscoileanna, más ann, a bhunófar faoi alt 9,

de réir mar a bheidh siad arna gcomhdhéanamh ó am go ham, fad is forais ardoideachais iad atá ag fáil airgid de réir Acht an Údaráis um Ard-Oideachais, 1971.

(2) Ní bheidh feidhm ag *ailt 16 (1)* go *(7)*, *21 (6)*, *22*, *23*, *32* agus *33* maidir le Coláiste na Tríonóide, nó i ndáil leis, mura ndearbhóidh an tAire, le hordú arna dhéanamh tráth nach luaithe ná trí bliana tar éis thosach feidhme *Chuid III*, go bhfuil feidhm ag na forálacha sin, agus sa chás sin beidh feidhm acu amhail is dá mba thagairt don dáta a tháinig an t-ordú i ngníomh aon tagairt do thosach feidhme *Chuid III*.

(3) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (2)* más rud é go rithfidh an tOireachtas Acht Príobháideach laistigh den tréimhse trí bliana dá dtagraítear san fho-alt sin lena ndéanfar na cairteacha agus na litreacha paitinne faoina bhfuil Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath corpraithe a leasú ar mhodh a bheidh i gcomhréir le críoch agus substaint na n-alt a luaitear san fho-alt sin.

(4) Féadfar, le hordú a dhéanfar faoi *fho-alt (2)*, na cairteacha agus na litreacha paitinne dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a leasú ar cibé modh a bheidh i gcomhréir leis na hailt a luaitear i *bhfo-alt (2)* agus a ndéanfar foráil maidir leis san ordú.

5.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caitreachais.

6.—(1) Déantar na hachtacháin a luaitear i *gCuid I* den *Chéad Sceideal* a aisghairm leis seo. Aisghairm agus cosaintí.

(2) Déantar na hachtacháin a luaitear i *gcolún 2* de *Chuid II* den *Chéad Sceideal* a aisghairm leis seo a mhéid a luaitear i *gcolún 3* den *Sceideal* sin os coinne na n-achtachán sin a luaitear i *gcolún 1*.

## CUID 2

### BUNÚ AGUS CÉANNACHT OLLSCOILEANNA

7.—(1) Tiocfaidh na comhcholáistí, agus beidh siad, de bhua an ailt seo, ina n-ollscoileanna, agus maidir le gach coláiste a ainmnítear i *gcolún 1* den *Dara Sceideal*, tabharfar an t-ainm comhréireach air sa Bhéarla nó sa Ghaeilge atá i *gcolún 2* den *Sceideal* sin os coinne an ainm a luaitear i *gcolún 1*. Ath-chomhdhéanamh comhcholáistí.

(2) Beidh na hollscoileanna, mar a chomhdhéantar iad le *fo-alt (1)*, ina gcomhollscoileanna de chuid Ollscoil na hÉireann agus aon tagairtí do “college” nó do “constituent college” san *Irish Universities Act, 1908*, nó do “coláiste” nó do “comhcholáiste” i gcairt Ollscoil na hÉireann, nó i gcairteacha na gcomhcholáistí sin, forléireofar iad mar thagairtí do na comhollscoileanna sin mar a bheidh siad comhdhéanta ó am go ham.

(3) Aon tagairt do chomhcholáiste in aon Acht eile nó in ionstraim reachtúil arna déanamh faoi Acht, nó i meabhrán comhlachais nó in airteagail chomhlachais aon chuideachta nó in aon doiciméad dlíthiúil eile, forléireofar í mar thagairt don chomhollscoil chomhréireach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* de réir mar a bheidh sí comhdhéanta ó am go ham.

(4) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, go raibh aon imeachtaí dlíthiúla i ndáil le comhcholáiste ar pháirtí iontu an comhcholáiste ar feitheamh, déanfar ainm na comhollscoile comhréirí a chur in ionad ainm an chomhcholáiste sna himeachtaí ar an tosach feidhme sin, agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an ionadú.

8.—(1) Más dóigh leis an Údarás gur ceart go mbeadh foras oideachais nó chuid d’fhoras oideachais ina chuid d’ollscoil, féadfaidh an tAire, le hordú arna dhéanamh le toiliú an Aire Airgeadais, an fhorais lena mbaineann agus údarás ceannais na hollscoile, foráil a dhéanamh go dtiocfaidh an foras nó an chuid de chun bheith, agus go mbeidh an foras nó an chuid de, ina chuid den ollscoil, agus ar an ordú a dhéanamh beidh an foras nó an chuid de corpraithe amhlaidh. Forais oideachais a chorprú le hollscoileanna láithreacha.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoi *fo-alt (1)* mura rud é go ndéanfaidh an tAire a chur faoi deara ar dtús dréacht den ordú beartaithe a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus mura rud é go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag an dá Theach.

(3) Beidh feidhm ag *fo-ailt* (3) go (6) *d'alt* 44 maidir le le daoine d'fhoireann forais a bhí ina bhfostaithe de chuid an fhorais díreach roimh an gcorprú a ndéantar foráil maidir leis i bhfo-alt (1) agus a tháinig chun bheith ina bhfostaithe de chuid na hollscoile ar an gcorprú sin, sa tslí chéanna a bhfuil feidhm acu maidir le daoine atá fostaithe ag Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.

Ollscoileanna breise a bhunú.

9.—(1) Féadfaidh an Rialtas, aon tráth, comhlacht a cheapadh, agus is é an tÚdarás a mholfaidh comhaltas an comhlachta agus áireofar ar an gcomhaltas sin saineolaithe idirnáisiúnta agus saineolaithe náisiúnta, lena n-áirítear fostaithe de chuid ollscoileanna a bhfuil feidhm ag an Acht seo maidir leo, chun comhairle a thabhairt don Údarás i dtaobh an ceart foras oideachais a bhunú mar ollscoil, ag féachaint do cuspóirí agus feidhmeanna ollscoile faoi *ailt* 12 agus 13.

(2) Féadfaidh an Rialtas, ar chomhairle ón gcomhlacht agus ar mholadh ón Údarás, ach sin faoi réir *fho-alt* (3), foráil a dhéanamh, le hordú, á rá go mbeidh an foras ina ollscoil chun críocha an Achta seo agus, ar an ordú a dhéanamh, bunófar é dá réir sin.

(3) Ní dhéanfaidh an Rialtas ordú faoi *fho-alt* (2) mura rud é go ndéanfaidh sé a chur faoi deara ar dtús dréacht den ordú beartaithe a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus mura rud é go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag an dá Theach.

(4) Is comhlacht corpraithe aon ollscoil a bhunófar faoi *fho-alt* (2) agus comharbas suthain agus séala oifigiúil aige agus beidh cumhacht agartha aige agus féadfar é a agairt faoina ainm corpraithe agus beidh cumhacht aige talamh nó aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

Ainm ollscoile a athrú.

10.—(1) Féadfaidh an tAire, ar iarraidh ó údarás ceannais ollscoile, agus i gcás comhollscoile, le toiliú an tSeanaid, ainm na hollscoile a athrú le hordú.

(2) Aon tagairt d'ollscoil in aon Acht, in aon ionstraim reachtúil arna déanamh faoi Acht nó i ndoiciméad dlíthiúil nó i ndoiciméad eile ar tagairt í d'ollscoil faoina hainm mar a bhí sé sular athraíodh é faoi *fho-alt* (1), forléireofar í mar thagairt don ollscoil sin arna hathainmniú amhlaidh.

(3) D'ainneoin *fho-alt* (1) agus *alt* 7(1), féadfaidh comhollscoil a hainm a leathnú ar cibé modh is cuí léi chun a léiriú gurb í comharba a comhcholáiste chomhréirigh í.

Leasú ar an Acht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989, agus ar an Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989.

11.—(1) Leasaítear leis seo alt 2 den Acht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989—

(a) i bhfo-alt (1), trí “agus comhlíonfaidh sé na feidhmeanna a shanntar dó le hAcht 1980 arna leasú leis an Acht seo” a scriosadh; agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

(2) Is éard í an Ollscoil agus is éard a bheidh inti an comhlacht corpraithe faoin ainm sin a bheidh ar marthain díreach roimh thosach feidhme *alt* 6 *d'Acht na nOllscoileanna, 1997*, agus beidh an comharbas suthain

céanna aici agus an chumhacht chéanna agartha aici agus beidh sí inagartha faoina hainm corpraithe agus beidh an chumhacht chéanna aici chun talamh agus aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt a bhí aici an tráth sin.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 2 den Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “agus comhlíonfaidh sé na feidhmeanna a shanntar dó le hAcht 1980 arna leasú leis an Acht seo” a scriosadh, agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

(2) Is éard í an Ollscoil agus is éard a bheidh inti an comhlacht corpraithe faoin ainm sin a bheidh ar marthain díreach roimh thosach feidhme *alt 6 d’Acht na nOllscoileanna, 1997*, agus beidh an comharbas suthain céanna aici agus an chumhacht chéanna agartha aici agus beidh sí inagartha faoina hainm corpraithe agus beidh an chumhacht chéanna aici chun talamh agus aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt a bhí aici an tráth sin.”.

### CUID 3

#### OLLSCOILEANNA I GCOITINNE

##### CAIBIDIL 1

##### *Cuspóirí agus feidhmeanna*

12.—Áireofar ar chuspóirí ollscoile—

Cuspóirí ollscoile.

- (a) eolas a chur ar aghaidh trí theagasc, trí thaighde scolártha agus trí imscrúdú eolaíochta,
- (b) foghlaim a chur chun cinn ina cuallacht mac léinn agus sa tsochaí i gcoitinne,
- (c) saol cultúrtha agus sóisialach na sochaí a chur chun cinn, le linn di éagsúlacht thraidisiúin na hollscoile a chothú agus a urramú,
- (d) cumas smaointeoireachta criticiúla neamhspleáiche a chothú i measc a mac léinn,
- (e) teangacha oifigiúla an Stáit a chur chun cinn, ag féachaint go speisialta do chaomhnú, do chur chun cinn agus d’úsáid na teanga Gaeilge agus do chaomhnú agus do chur chun cinn chultúir shainiúla na hÉireann,
- (f) tacú agus rannchuidiú le forbairt náisiúnta eacnamaíoch agus shóisialach a réadú,
- (g) oideachas, oiliúint agus athoiliúint a chur ar phearsanra gairmiúil, teicniúil agus bainistíochta ardleibhéil,
- (h) na caighdeáin is airde i dteagasc agus i dtaighde agus i cáilíocht an teagaisc agus an taighde a chur chun cinn,

- (i) torthaí a cuid taighde a scaipeadh i measc an phobail i gcoitinne,
- (j) foghlaim ar feadh an tsaoil a éascú trí oideachas aosach agus leanúnach a chur ar fáil, agus
- (k) cothromaíocht inscne agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn i measc mhic léinn agus fhostaithe na hollscoile.

Feidhmeanna ollscoile.

**13.—(1)** Is iad feidhmeanna ollscoile gach rud is gá nó is fóirsteanach a dhéanamh de réir an Achta seo agus a cairte, más ann, chun cuspóirí agus forbairt na hollscoile a chur ar aghaidh.

(2) Gan ginearáltacht *fho-alt (1)* a theorannú—

- (a) déanfaidh ollscoil cúrsaí staidéir a chur ar fáil, scrúduithe a sheoladh agus céimeanna agus cáilíochtaí eile a dhámhachtain,
- (b) déanfaidh ollscoil taighde a chur chun cinn agus a éascú,
- (c) féadfaidh ollscoil, trí chorprú sa Stát nó in áit eile, cibé corparáidí trádála, taighde nó corparáidí eile is cuí léi a bhunú, nó a bheith rannpháirteach ina mbunú, d'fhonn an ollscoil a chur chun cinn nó cabhrú maidir le feidhmeanna na hollscoile nó i dtaca leo,
- (d) féadfaidh ollscoil comhoibriú le leasanna oideachasúla, gnó, gairmiúla, ceardchumann, Gaeilge, cultúir, ealaíne, pobail agus leasanna eile, laistigh den Stát agus lasmuigh de, chun cuspóirí na hollscoile a chur ar aghaidh,
- (e) déanfaidh ollscoil maoin, airgead, sócmhainní agus cearta na hollscoile a chothabháil, a bhainistiú agus a riaradh agus féadfaidh sí iad a dhiúscairt agus a infheistiú,
- (f) féadfaidh ollscoil comhoibriú le céimithe, le tionóil chéimithe agus le comhlachais atá ionadaitheach do chéimithe de chuid na hollscoile laistigh den Stát agus lasmuigh de,
- (g) féadfaidh ollscoil talamh nó maoin eile a cheannach nó a fháil ar shlí eile, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus
- (h) féadfaidh ollscoil bronntanais airgid, talún nó maoin eile a ghlacadh ar na hiontaobhais agus na coinníollacha, más ann, a shonróidh an deontóir agus nach mbeidh ar neamhréir leis an Acht seo.

Saoirse acadúil.

**14.—(1)** Le linn d'ollscoil a feidhmeanna a chomhlíonadh—

- (a) beidh an ceart aici agus an fhreagracht uirthi prionsabail thraidisiúnta na saoirse acadúla a chaomhnú agus a chur chun cinn le linn a gnóthaí inmheánacha agus seachtracha a sheoladh, agus
- (b) beidh teideal aici a gnóthaí a rialáil de réir a héitis neamhspleách agus a traidisiún neamhspleách agus de réir phrionsabail thraidisiúnta na saoirse acadúla, agus le

linn di déanamh amhlaidh, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas—

- (i) comhionannas deiseanna agus rochtana a chur chun cinn agus a chaomhnú,
- (ii) acmhainní a úsáid go héifeachtach éifeachtúil, agus
- (iii) a hoibleagáidí maidir le cuntasacht don phobal,

agus más rud é go mbeidh amhras ann maidir le brí aon fhorála, le linn an tAcht seo a léiriú, glacfar le forléiriú a dhéanfaidh an t-éiteas agus na traidisiúin agus na prionsabail sin a chur chun cinn de rogha ar fhorléiriú nach ndéanfaidh amhlaidh.

(2) Beidh an tsaoirse, faoi réim an dlí, ag comhalta d'fhoireann acadúil ollscoile ina mhúinteoireacht nó ina múinteoireacht, ina thaighde nó ina taighde agus in aon ghníomhaíochtaí eile laistigh den ollscoil nó lasmuigh di, an eagnaíocht fhaighte a cheistiú agus a thástáil, smaointe úra a chur ar aghaidh agus tuairimí atá conspóideach nó nach bhfuil de réir mheon na coitiantachta a nochtadh agus ní bheidh sé nó sí faoi mhíbhuntáiste, ná faoi réir cóireáil is lú fabhar a fháil ón ollscoil, mar gheall ar an tsaoirse sin a fheidhmiú.

## CAIBIDIL 2

### *Rialachas*

**15.**—(1) Faoi réir *alt 21*, beidh ag gach ollscoil údarás ceannais Údarás ceannais. arna bhunú de réir an Achta seo agus ar a dtabharfar cibé ainm a chinnfidh an t-údarás ceannais.

(2) Faoi réir an Achta seo, comhlíonfaidh údarás ceannais ollscoile feidhmeanna na hollscoile, nó comhlíonfar iad ar ordacháin ó údarás ceannais ollscoile.

(3) Na gníomhartha agus na nithe go léir a dhéanfaidh údarás ceannais, nó a dhéanfar in ainm nó thar ceann na hollscoile le húdarás sainráite nó intuigthe an údarás ceannais, measfar gurb í an ollscoil a rinne iad.

(4) Beidh feidhm ag an Tríú Sceideal maidir leis an údarás ceannais.

**16.**—(1) Faoi réir na Coda seo, beidh údarás ceannais Comhdhéanamh an údarás ceannais. comhdhéanta de cibé comhaltaí, nach lú ná 20 nó nach mó ná 40 a líon, a chinnfear de réir na Caibidle seo.

(2) Beidh ar chomhaltaí an údarás ceannais—

- (a) an príomhoifigeach,
- (b) duine a cheapfar faoi *alt 17 (3)* ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach (má cheapar amhlaidh é nó í),
- (c) duine amháin ar a laghad ach líon nach mó ná dhá dhuine d'oifigigh shinsearacha na hollscoile ar a bhfuil freagracht don phríomhoifigeach i leith gnóthaí acadúla, airgeadais nó riaracháin agus a cheapfaidh an t-údarás ceannais, arb

é nó í an t-oifigeach sinsearach ar a bhfuil freagracht i leith gnóthaí acadúla duine amháin acu, agus

- (d) na comhaltaí seo a leanas a thoghfad de réir rialachán arna ndéanamh faoi *fho-alt (11)*:
- (i) líon nach lú ná dhá dhuine nó nach mó ná sé dhuine de chomhaltaí fhoireann acadúil na hollscoile ar Ollúna nó Ollúna Comhlacha iad, arna dtoghadh ag an bhfoireann sin,
  - (ii) líon nach lú ná trí dhuine nó nach mó ná cúig dhuine de bhuanchomhaltaí, nó de chomhaltaí lánaimseartha den fhoireann acadúil eile den ollscoil, arna dtoghadh ag an bhfoireann sin;
  - (iii) duine amháin ar a laghad ach líon nach mó ná trí dhuine de bhuanfhostaithe nó d'fhostaithe lánaimseartha nach comhaltaí iad d'fhoireann acadúil na hollscoile, arna dtoghadh ag an bhfoireann neamhadúil,
  - (iv) líon nach lú ná dhá dhuine nó nach mó ná trí dhuine de mhic léinn na hollscoile ar oifigigh thofa iad d'Aontas na Mac Léinn nó de chomhlacht ionadaitheach mac léinn eile san ollscoil a bheidh aitheanta ag an údarás ceannais, agus
  - (v) mac léinn iarchéime amháin arna thoghadh nó arna toghadh ag na mic léinn iarchéime.

(3) Faoi réir *fho-alt (7)*, i dteannta na ndaoine a roghnófar agus a cheapfar de bhun *fho-alt (2)*, ach ar áireamh san uaslíon comhaltaí a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, beidh—

- (a) duine amháin ar a laghad ach líon nach mó ná ceithre dhuine, arna roghnú ag coiste den údarás ceannais ar a mbeidh an príomhoifigeach agus dhá chomhalta eile, as measc ainmniúchán a dhéanfaidh cibé eagraíochtaí a bheidh ionadaitheach d'fhostóirí, do cheardchumann, do thalmhaíocht, d'iascaigh, d'eagraíochtaí pobail, d'eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta, do na gairmeacha, do ghnó agus do thionscal de réir mar is cuí leis an údarás ceannais, a ndéanfar duine amháin acu ar a laghad a roghnú as measc na ndaoine sin a ainmneoidh eagraíochtaí a bheidh ionadaitheach do ghnó nó do thionscal,
- (b) i gcás ina ndéanfar, le hAcht nó faoi Acht, comhlacht a bhunú do réigiún ina bhfuil an ollscoil suite, ar feidhm dá chuid comhairle a chur ar an Aire i dáil le pleanáil agus comhordú seirbhísí oideachais ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile, duine amháin ar a laghad ach líon nach mó ná dhá dhuine nach comhaltaí iad den údarás ceannais nó fostaithe de chuid aon ollscoile eile, de chuid Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a bunaíodh le halt 3 den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992, nó de chuid coláiste theicniúil réigiúnaigh a bunaíodh le halt 3 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, nó dá réir,



arna roghnú ag coiste den údarás ceannais arna chomhdhéanamh mar a fhoráiltear i *mír (a)*, as measc daoine a bheidh ainmnithe ag an gcomhlacht réigiúnach sin, agus

- (c) faoi réir *fho-ailt (8)* agus (9), an líon céanna daoine agus a roghnófar de réir *mhír (a)*, arna gceapadh ag an údarás ceannais ar ainmniúchán an Aire, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an bpríomhoifigeach.

(4) I dteannta na gcomhaltaí a roghnófar agus a cheapfar de bhun *fho-ailt (2)* agus (3), ach ar áireamh san uaslíon comhaltaí a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfaidh údarás ceannais comhaltaí a bheith aige nach mó a líon ná—

- (a) ceithre dhuine a cheapfar ag féachaint go háirithe don mhéid a dhéantar ionadaíocht i measc na gcomhaltaí do leasanna ealaíne agus cultúir, agus
- (b) ceithre chéimí den ollscoil, arna dtoghadh ag céimithe den sórt sin agus, i gcás comhollscoile, folaíonn céimithe chun críocha an *fho-ailt* seo daoine ar bronnadh céim de chuid Ollscoil na Éireann orthu mar thoradh ar a gcuid staidéir sa chomhcholáiste comhréireach nó sa Choláiste Aitheanta,

a ndéanfar, faoi réir *fho-alt (7)*, iad a roghnú agus a cheapadh de réir mar a chinnfidh an t-údarás ceannais.

(5) I dteannta na gcomhaltaí a roghnófar agus a cheapfar de bhun *fho-ailt (2)*, (3) agus (4), ach ar áireamh san uaslíon comhaltaí a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, ceapfaidh an t-údarás ceannais ina gcomhaltaí—

- (a) i gcás Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

- (i) duine amháin arna roghnú ag coiste den údarás ceannais ar a mbeidh an príomhoifigeach agus dhá chomhalta eile, as measc daoine a bheidh ainmnithe chun na críche sin ag comhairlí chontaetha riaracháin Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Bardas chontaebhuirg Bhaile Átha Cliath, agus
- (ii) duine amháin ar a laghad ach líon nach mó ná trí dhuine arna roghnú ag coiste den údarás ceannais ar a mbeidh an príomhoifigeach agus dhá chomhalta eile, as measc daoine a bheidh ainmnithe chun na críche sin ag Iontaobhas Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath nó ag a chomhlacht comharbais,

- (b) i gcás Ollscoil na hÉireann, Corcaigh—

- (i) Ard-Mhéara Chorcaí,
- (ii) Méara Phort Láirge,
- (iii) dhá dhuine a bheidh ainmnithe ag Ollscoil na hÉireann, agus
- (iv) cúig dhuine a bheidh tofa ag comhairlí Chontaetha riaracháin Chorcaí, Phort Láirge, Chiarraí,

Luimnigh, Thiobraid Árann (An Trian Thuaidh)  
agus Thiobraid Árann (An Trian Theas),

- (c) i gcás Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath—
- (i) Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath,
  - (ii) dhá dhuine a bheidh ainmnithe ag Ollscoil na hÉireann, agus
  - (iii) ocht nduine a bheidh tofa ag comhaltaí Ardchomhairle na gComhairlí Contae,
- (d) i gcás Ollscoil na hÉireann, Gaillimh—
- (i) dhá dhuine a bheidh ainmnithe ag Ollscoil na hÉireann, agus
  - (ii) seacht nduine a bheidh tofa ag comhaltaí Bhardas Chontaebhuirg na Gaillimhe agus chomhairlí Chontaetha riaracháin na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Shligigh, an Chláir, Liatroma agus Ros Comáin,
- (e) i gcás Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad—
- (i) dhá dhuine arna n-ainmniú ag Ollscoil na hÉireann, agus
  - (ii) trí dhuine arna n-ainmniú ag an bpríomhoifigeach as measc daoine arna n-ainmniú ag Iontaobhaithe Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, de thuras na huairé chun na críche sin,
- (f) i gcás Choláiste na Tríonóide, líon nach lú ná trí dhuine agus nach mó ná sé dhuine d'ánraí Choláiste na Tríonóide arna roghnú de réir mar a chinnfidh an t-údarás ceannais,
- (g) i gcás Ollscoil Luimnigh—
- (i) cathaoirleach chomhairle chontae riaracháin Luimnigh nó duine arna ainmniú nó arna hainmniú aige nó aici,
  - (ii) Méara Luimnigh, agus
  - (iii) duine amháin ar a laghad ach líon nach mó ná trí dhuine arna roghnú ag coiste den údarás ceannais, ar a mbeidh an príomhoifigeach agus dhá chomhalta eile, as measc daoine a bheidh ainmnithe chun na críche sin ag Fondúireacht Ollscoil Luimnigh nó ag a comhlacht comharbais.

(6) I gcás ina mbeidh foras oideachais bainteach le hollscoil de réir comhaontú idir an foras sin agus an ollscoil agus ina bhforáiltear leis an gcomhaontú sin go mbeidh fostaithe nó mic léinn de chuid an fhorais ina gcomhaltaí d'údarás ceannais na hollscoile ansin, i dteannta na gcomhaltaí a roghnófar agus a cheapfar de bhun *fho-ailt* (2) go (5), ach ar áireamh san uaslíon comhaltaí a shonraítear i bhfo-alt (1), áireoidh an t-údarás ceannais cibé comhaltaí dá bhforáiltear amhlaidh.

(7) Ach amháin i gcás duine a cheapfar faoi *fho-alt* (4) más rud é go ndearna an t-údarás ceannais an srian a fhorchuirtear thairis sin leis an bhfo-alt seo tharscaoileadh, ní fostaí nó mac léinn de chuid na hollscoile comhalta dá dtagraítear i *bhfo-alt* (3) nó (4).

(8) Más rud é díreach roimh thosach feidhme na Coda seo go raibh i gcomhlacht ceannais (cibé ainm a thabharfar air) ollscoile nó comhcholáiste comhaltaí arna gceapadh ag an Aire nó ag an Rialtas, ní lú an líon comhaltaí den údarás ceannais a cheapfar ar ainmniú an Aire de réir *fho-alt* (3)(c) ná an líon daoine a bheidh ceaptha amhlaidh agus a bheidh i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, nó trí dhuine, cibé líon acu is lú.

(9) Le linn daoine a ainmniú chun críocha *fho-alt* (3)(c), cinnteoidh an tAire go mbeidh ar a laghad dhá chomhalta den údarás ceannais ann a roghnófar nó a bheidh le ceapadh faoi *fho-alt* (3) (a) nó (c) agus ar comhaltaí iad arna n-ainmniú ag eagraíochtaí atá ionadaitheach do ghnó nó do thionscal nó atá, i dtuairim an Aire, ionadaitheach do ghnó nó do thionscal.

(10) Le linn a fheidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh cinnteoidh údarás ceannais go mbeidh ionadaíocht ag gach gnéas ar an údarás ceannais de réir cibé cothromaíochta inscne a chinnfidh nó a cheadóidh an tAire ó am go ham.

(11) Féadfaidh údarás ceannais cibé rialacháin a dhéanamh a bhaineann le comhaltaí an údaráis ceannais a roghnú, a thoghadh, a ainmniú nó a cheapadh is cuí leis, agus déanfar iad a roghnú, a thoghadh, a ainmniú nó a cheapadh de réir na rialachán sin.

**17.—**(1) Rachaidh an príomhoifigeach i gceannas ar an gcéad chruinniú d'údarás ceannais ollscoile agus, faoi réir an ailt seo, ag an gcruinniú sin agus ó am go ham de réir mar a chinnfidh an t-údarás ceannais, cinnfidh an t-údarás ceannais cibé acu—

Cathaoirleach an údaráis ceannais.

(a) ar cheart do shealbhóir oifig an phríomhoifigigh a bheith, nó ar cheart go leanfadh sé nó sí de bheith, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach, nó

(b) ar cheart duine seachas sealbhóir oifig an phríomhoifigigh a cheapadh mar chathaoirleach.

(2) I gcás ina gcinnfidh an t-údarás ceannais gur cheart do shealbhóir oifig an phríomhoifigigh a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ansin, faoi réir an ailt seo, beidh an príomhoifigeach, *ex officio*, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar agus ó dháta rite an rúin sa chéill sin.

(3) I gcás ina gcinnfidh an t-údarás ceannais ag cruinniú gur cheart do dhuine seachas an príomhoifigeach a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach, déanfaidh sé, a luaithe is indéanta ag an gcruinniú sin nó ag cruinniú dá éis, le vóta tromlaigh dhá thrian dá chomhaltaí ar a laghad, duine nach fostaí den ollscoil nó comhalta den údarás ceannais a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach.

(4) Go dtí go gceapfar duine faoi *fho-alt* (3), ach faoi réir an ailt seo, gníomhóidh an príomhoifigeach mar chathaoirleach ar chruinnithe uile an údaráis ceannais.

(5) Faoi réir an ailt seo, beidh cathaoirleach a cheapfar faoi *fho-alt (3)* i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an t-údarás ceannais tráth a cheaptha nó a ceaptha.

(6) Féadfaidh an t-údarás ceannais duine a bheidh i seilbh oifige mar chathaoirleach ar údarás ceannais de réir *fho-alt (3)*, aon tráth ar chúiseanna a luafar, a chur as oifig an chathaoirligh agus i gcás ina gcuirfear duine as oifig amhlaidh, beidh feidhm, fara na modhnuithe is gá, ag fo-ailt (1), (2) agus (3).

(7) I gcás údaráis ceannais Choláiste na Tríonóide nó comhollscoile, beidh an duine a bheidh i seilbh oifig an phríomhoifigigh (cibé ainm a thugtar uirthi) ar thosach feidhme na Coda seo ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar údarás ceannais na hollscoile sin faoin Acht seo go dtí go rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige mar phríomhoifigeach in éag, go gcuirfear é nó í as oifig an chathaoirligh níos luaithe ná sin de réir *fho-alt (6)*, nó go dtí go dtiocfaidh an oifig chun bheith folamh ar shlí eile.

(8) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, nach raibh príomhoifigeach ollscoile ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach (cibé ainm a thugtar air) ar údarás ceannais na hollscoile (cibé ainm a thugtar air) ansin, ar leith ón gcéad chruinniú d'údarás ceannais na hollscoile comhréirí faoin Acht seo nó sna himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, ní bheidh an príomhoifigeach i dteideal a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an údarás ceannais.

(9) Ní ar bhonn lánaimseartha a bheidh ceapachán faoi *fho-alt (3)* agus ní fheidhmeoidh an duine a cheapfar feidhm ar bith i leith rialú agus bhainistiú na hollscoile seachas feidhmeanna chathaoirleach an údaráis ceannais.

Feidhmeanna an údaráis ceannais.

**18.—(1)** Is iad feidhmeanna údaráis ceannais ollscoile, de bhun chuspóirí na hollscoile faoi *alt 12*, ach faoi réir shriantachtaí a bhuiséid faoi *alt 37*—

- (a) talamh agus maoin eile na hollscoile a rialú agus a riaradh,
- (b) an príomhoifigeach agus cibé fostaithe eile a mheasfaidh sé is gá chun críocha na hollscoile a cheapadh,
- (c) faoi réir an Achta seo agus a chairte, más ann, a reachtanna agus a rialachán, comhaltas an údaráis ceannais a chinneadh ó am go ham, agus
- (d) cibé feidhmeanna eile a fhorchuirtear air leis an Acht seo nó faoi nó le haon Acht eile nó faoi nó lena chairt, más ann, lena reachtanna agus lena rialachán, a chomhlíonadh.

(2) D'fhonn a fheidhmeanna faoi *fho-alt (1)(b)* a chomhlíonadh, forbróidh an t-údarás ceannais cibé nósanna imeachta agallaimh agus nósanna imeachta eile is fearr a chinnteoidh, ina thuairim, rannpháirtíocht iarrthóirí ardcháilíochta as measc fhostaithe na hollscoile agus ar leith uathu sa phróiseas roghnóireachta agus sonrúidh sé na nósanna imeachta sin i reacht nó i rialachán.

(3) Beidh ag údarás ceannais, faoi réir an Achta seo nó aon Acht eile nó faoi réir a chairte, más ann, cibé cumhachtaí is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Féadfaidh údarás ceannais, ó am go ham, cibé coistí agus cibé líon coistí a cheapadh, a bheidh comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de chomhaltaí den údarás ceannais, a mheasfaidh sé is gá chun cuidiú leis i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus féadfaidh sé cibé feidhmeanna dá chuid is cuí leis a shannadh do na coistí sin.

(5) Oibreoidh coiste a cheapfar faoi *fho-alt (4)* i cibé slí a ordóidh an t-údarás ceannais agus beidh a ghníomhartha faoi réir a ndaingnithe ag an údarás ceannais mura n-ordóidh an t-údarás ceannais a mhalairt.

(6) Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, déanfaidh údarás ceannais, nó coiste i gcás inar cuí—

- (a) aird a thabhairt ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge mar theanga ghnáthchumarsáide agus saothrú na Gaeilge agus a traidisiúin liteartha agus chultúir ghaolmhara a chur chun cinn;
- (b) aird a thabhairt ar chothromaíocht inscne agus comhionannas deiseanna a bhaint amach i measc mhic léinn agus fhostaithe na hollscoile agus déanfaidh sé, go háirithe, rochtain ar an ollscoil agus ar oideachas ollscoile ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach agus ag daoine ó earnálacha den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht shuntasach i gcuallacht na mac léinn a chur chun cinn; agus
- (c) a chinntiú, a mhéid a fhéadfaidh sé, go rannchuideoidh an ollscoil le forbairt eacnamaíoch, chultúir agus shóisialach an Stáit a chur chun cinn agus le meas ar éagsúlacht luachanna, creideamh agus traidisiún i sochaí na hÉireann.

**19.**—(1) I gcás nach mbeidh Cúairteoir ag ollscoil, déanfaidh an Rialtas ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, tar éis dul i gcomhairle le hUachtarán na hArd-Chúirte, Breitheamh den Ard-Chúirt, nó Breitheamh scortha de chuid na hArd-Chúirte nó na Cúirte Uachtaraí, a cheapadh chun bheith ina Chúairteoir nó ina Cúairteoir chun críocha an Achta seo. Cúairteoir.

(2) I gcás ina n-éireoidh Cúairteoir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *fho-alt (1)* as oifig nó ina dtiocfaidh sé nó sí chun bheith éagumasach ar shlí eile ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an Rialtas duine eile den sórt sin a cheapadh chun ionad an Chúairteora sin a ghlacadh.

**20.**—(1) I gcás inarb é tuairim an Aire go bhfuil forais réasúnacha ann chun a mhaíomh go bhfuil feidhmeanna ollscoile á gcomhlíonadh ar dhóigh is sárú *prima facie* ar na dlíthe, na reachtanna nó na deasghnátha is infheidhme maidir leis an ollscoil, féadfaidh an tAire, tar éis a thuairim nó a tuairim a chur in iúl ar dtús don údarás ceannais agus le comhthoilíú an Rialtais, a iarraidh ar an gCúairteoir chun na hollscoile fiosrú a dhéanamh i dtaobh aon ní is cúis le tuairim an Aire. Cúairt.

(2) Más deimhin leis an gCúairteoir go bhfuil forais réasúnacha le tuairim an Aire, déanfaidh an Cúairteoir fiosrúchán i dtaobh na nithe is cúis leis an tuairim sin agus i dtaobh aon ní ghaolmhair agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar thorthaí an fhiosrúcháin.

(3) Beidh Cúairteoir, chun críocha an ailt seo, i dteideal dul isteach gach tráth réasúnach in ollscoil chun fiosrú a dhéanamh i dtaobh ghnóthaí acadúla nó ghnóthaí eile na hollscoile nó iniúchadh a dhéanamh ar an ollscoil agus ar a foirgnimh, a trealamh agus a taifid i gcás ina bhfuil an t-iniúchadh, i dtuairim an Chúairteora, iomchuí maidir lena fhiosruithe nó lena fiosruithe.

(4) Déanfaidh an ollscoil, a fostaithe agus a húdarás ceannais gach comhoibriú agus saoráid réasúnach a thabhairt do Chúairteoir, lena n-áirítear rochtain chun a chumasú don Chúairteoir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh.

Údarás ceannais a chur ar fionraí.

**21.**—(1) Más rud é, tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil ar fhiosrúchán ag Cúairteoir arna dhéanamh de bhun iarrata faoi *alt 20(1)*, gurb é tuairim an Aire go bhfuil feidhmeanna ollscoile nó a húdarás ceannais á gcomhlíonadh ar dhóigh is sárú ar dhlíthe, reachtanna nó deasghnátha na hollscoile nó ar na dlíthe, na reachtanna nó na deasghnátha is infheidhme maidir leis an ollscoil, cuirfidh an tAire an méid sin in iúl don phríomhoifigeach agus tabharfaidh an tAire cóip de thuarascáil an Chúairteora don phríomhoifigeach.

(2) Féadfaidh an tAire, tar éis tréimhse 14 lá dar tosach an lá a thug sé nó sí tuarascáil an Chúairteora don phríomhoifigeach agus tar éis tuairimí an údarás ceannais nó an phríomhoifigigh ar an tuarascáil, más ann, a bhreithniú—

(a) i gcás inarb é tuairim an Aire é fós go bhfuil na feidhmeanna á gcomhlíonadh ar dhóigh is sárú ar dhlíthe, reachtanna nó deasghnátha na hollscoile nó ar na dlíthe, na reachtanna nó na deasghnátha is infheidhme maidir leis an ollscoil; agus

(b) i gcás inarb é tuairim an Aire gur chóir, mar gheall ar an tuarascáil, an t-údarás ceannais a fhionraí agus go gcomhthoílíonn an Cúairteoir,

a mholadh don Rialtas an t-údarás ceannais agus comhaltas a chomhaltaí a fhionraí.

(3) Ar an moladh ón Aire a fháil, féadfaidh an Rialtas, le hordú, ach sin faoi réir *fho-alt (8)*, an t-údarás ceannais a fhionraí.

(4) I gcás ina ndéanfaidh an Rialtas ordú faoi *alt (3)*, déanfaidh an Cúairteoir chun na hollscoile, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus le cibé daoine laistigh den ollscoil is cuí leis an gCúairteoir, cibé duine nó cibé comhlacht daoine a cheapadh a mheasfaidh an Cúairteoir is cuí chun feidhmeanna an údarás ceannais a chomhlíonadh agus comhlíonfaidh an duine sin nó an comhlacht sin na feidhmeanna sin go dtí tosach an chéad chruinnithe den údarás ceannais tar éis a chomhaltaí a cheapadh de bhun *fho-alt (6)*.

(5) Déanfar luach saothair, más ann, duine nó comhalta de chomhlacht a cheapfar faoi *fho-alt (4)* a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(6) Déanfaidh an Cúairteoir, a luaithe is indéanta, ach in aon chás tráth nach déanaí ná 12 mhí, tar éis údarás ceannais a fhionraí, comhdhéanamh an údarás ceannais nua a chinneadh, tar éis dul i gcomhairle le cibé daoine laistigh den ollscoil is cuí leis an gCúairteoir, agus, le fógra i scríbhinn, an comhdhéanamh arna chinneadh amhlaidh a chur in iúl don Aire.

(7) Ar an méid sin a chur in iúl don Aire mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (6)*, beidh an t-údarás ceannais comhdhéanta amhlaidh mar a chinnfear amhlaidh, de réir Chaibidil II.

(8) I gcás in mbeartóidh an Rialtas ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (3)*, cuirfidh sé faoi deara dréacht den ordú beartaithe a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag an dá Theach.

## CAIBIDIL 3

*Socrúithe Eatramhacha*

**22.**—Maidir le comhlacht ceannais (cibé ainm faoina n-aithnítear é)—

Leanfaidh comhlachtaí ceannais coláistí láithreacha, etc. de bheith in oifig go dtí go gcomhdhéanfar na chéad údaráis cheannais.

- (a) is comhlacht ceannais comhcholáiste nó ollscoile lena mbaineann an tAcht seo agus a bheidh i seilbh oifige ar thosach feidhme na Coda seo, nó
- (b) is comhlacht ceannais forais oideachais arna bhunú faoi *alt 9* mar ollscoil bhreise agus a bheidh i seilbh oifige díreach roimh a bhunú mar ollscoil,

leanfaidh sé ar marthain tar éis an tosach feidhme sin nó tar éis bhunú an fhorais mar ollscoil, de réir mar a bheidh, d'ainneoin aisghairm aon fhorála d'achtachán lena ndearnadh, nó faoina ndearnadh, an comhlacht ceannais sin a chomhdhéanamh agus, ach amháin i ndáil leis an gcéad údarás ceannais de chuid na hollscoile a cheapadh, beidh aige feidhmeanna údaráis ceannais faoin Acht seo go dtí go gcomhdhéanfar an chéad údarás ceannais go cuí faoin Acht seo.

**23.**—(1) Faoi réir *alt 16*, déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme na Coda seo, i leith gach ollscoile lena mbaineann an tAcht seo, agus tar éis bhunú aon ollscoile breise faoi *alt 9* i leith na hollscoile sin, coimisiún don ollscoil a cheapadh.

Comhdhéanamh an chéad údaráis ceannais a chinneadh.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, is iad seo a leanas comhaltaí coimisiúin—

(a) i gcás comhollscoile—

- (i) an príomhoifigeach,
- (ii) Cláraitheoir na hollscoile,
- (iii) dhá chomhalta de chomhlacht ceannais (cibé ainm faoina n-aithnítear é) a chomhcholáiste chomhréirigh a bheidh i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, ar comhalta d'fhoireann acadúil na hollscoile, arna ainmniú nó arna hainmniú ag an gcomhlacht ceannais sin, duine amháin acu ar a laghad,
- (iv) Seansailéir Ollscoil na hÉireann nó duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an Seansailéir, agus
- (v) Cathaoirleach an Údaráis nó duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an gCathaoirleach,

- (b) i gcás Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath nó Ollscoil Luimnigh—
- (i) an príomhoifigeach,
  - (ii) Cláraritheoir na hollscoile,
  - (iii) dhá chomhalta de Chomhlacht Ceannais na hollscoile a bhí i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, ar comhalta d'fhoireann acadúil na hollscoile, arna ainmniú nó arna hainmniú ag an gComhlacht Ceannais sin, duine amháin acu ar a laghad, agus
  - (iv) Cathaoirleach an Údaráis nó duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an gCathaoirleach,
- (c) i gcás Choláiste na Tríonóide—
- (i) an Propast agus an Leas-Phropast,
  - (ii) Seansailéir Ollscoil Bhaile Átha Cliath, nó ainmnitheach de chuid an tSeansailéara,
  - (iii) dhá chomhalta de Bhord an Choláiste a bhí i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, arna ainmniú nó arna hainmniú ag an mBord sin, agus
  - (iv) Cathaoirleach an Údaráis nó duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an gCathaoirleach, agus
- (d) i gcás forais oideachais arna bhunú faoi *alt 9* mar ollscoil—
- (i) príomhoifigeach (cibé ainm faoina n-aithnítear é nó í) an fhorais a bhí i seilbh oifige díreach roimh a bhunú mar ollscoil,
  - (ii) an t-oifigeach sinsearach de chuid an fhorais a bheidh freagrach don phríomhoifigeach as gnóthaí acadúla agus a bhí i seilbh oifige díreach roimh a bhunú mar ollscoil,
  - (iii) cibé comhaltaí de chomhlacht ceannais (cibé ainm faoina n-aithnítear é) an fhorais a bhí i seilbh oifige díreach roimh a bhunú mar ollscoil agus a chinnfidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhlacht ceannais sin, agus
  - (iv) Cathaoirleach an Údaráis nó duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an gCathaoirleach.

(3) Más rud é nach mbeidh duine a shonrófar mar chomhalta de choimisiún i *bhfo-alt (2)*, nó a ainmneofar mar chomhalta den sórt sin faoi *fho-alt (2)*, ábalta nó toilteanach gníomhú mar chomhalta, ainmneoidh an chuid eile de na comhaltaí duine chun ionad an duine sin a ghlacadh mar chomhalta, agus ceapfaidh an tAire an duine a bheidh ainmnithe dá réir sin.

(4) Tionólfaidh an príomhoifigeach an chéad chruinniú de choimisiún agus ag an gcruinniú ceapfaidh na comhaltaí duine dá líon chun gníomhú mar chathaoirleach ar an gcoimisiún.



(5) Déanfaidh coimisiún, a luaithe is indéanta tar éis an dáta a cheapfar a chomhaltaí agus in aon chás tráth nach déanaí ná trí mhí ón dáta sin, de réir *alt 16*, comhdhéanamh údarás ceannais a ollscoile a chinneadh agus, le fógra i scríbhinn, cuirfidh sé an comhdhéanamh arna chinneadh amhlaidh in iúl don Aire.

(6) Más rud é go mainneoidh coimisiún comhdhéanamh údarás ceannais a chinneadh mar a cheanglaítear le *fo-alt (5)*, ceapfaidh an Cuairteoir cibé duine nó cibé comhlacht daoine is cuí leis an gCuairteoir chun feidhmeanna an choimisiúin a sheoladh.

(7) Fanfaidh coimisiún, nó duine nó comhlacht a cheapfar faoi *fho-alt (6)*, in oifig go dtí an chéad chruinniú den údarás ceannais iomchuí a bheidh comhdhéanta de réir an Achta seo agus, i dtosach an chruinnithe sin, beidh an coimisiún nó an comhlacht díscailte de bhua an ailt seo.

#### CAIBIDIL 4

##### *Foireann na hOllscoile*

**24.**—(1) Déanfaidh údarás ceannais, de réir nósanna imeachta a shonrófar i reacht, duine a cheapadh i gcáil lánaimseartha chun bheith ina príomhoifigeach nó ina príomhoifigeach ar a ollscoil, is duine ar a dtabharfar an tUachtarán nó an Propast nó cibé teideal eile a chinnfidh an t-údarás ceannais, agus is é nó is í an duine a cheapfar amhlaidh an t-oifigeach cuntasáochta don ollscoil. Príomhoifigeach.

(2) Chun críocha *alt 19* den Acht um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, folaíonn an focal “oifigeach cuntasáochta” príomhoifigeach ollscoile lena mbaineann an tAcht seo.

(3) Beidh feidhm ag an gCeathrú Sceideal maidir leis an bpríomhoifigeach.

**25.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh ollscoil, de réir nósanna imeachta a shonrófar i reacht nó i rialachán, cibé daoine agus cibé líon daoine is cuí léi a cheapadh mar fhostaithe dá cuid, ag féachaint do na nithe seo a leanas— Foireann.

(a) úsáid éifeachtúil na n-acmhainní a bheidh ar fáil di, na ceanglais cuntasachta maidir le hairgead a sholáthróidh an tOireachtas di a úsáid agus an beartas a bhaineann le pá agus coinníollacha sa tSeirbhís Phoiblí de réir mar a chinnfidh an Rialtas ó am go ham,

(b) impleachtaí na gceapachán dá buiséad agus do bhuiséid ina dhiaidh sin, agus

(c) na treoirlínte, más ann, arna n-eisiúint faoi *alt 50*.

(2) Féadfaidh údarás ceannais, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis, aon cheann d’fheidhmeanna an údarás ceannais nó na hollscoile a bhaineann le ceapachán fostaithe de chuid na hollscoile agus le cinneadh nósanna imeachta roghnóireachta a tharmligean chun an phríomhoifigigh.

(3) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an alt seo, fostófar fostaithe de chuid ollscoile ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an ollscoil ó am go ham.

(4) Faoi réir *fho-alt* (5), íocfaidh ollscoil le fostaithe na hollscoile sin cibé luach saothair, táillí, liúntais agus caiteachais a cheadóidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais.

(5) (a) Féadfaidh ollscoil imeacht ó leibhéal luacha saothair, táillí, liúntas agus caiteachas a cheadaítear faoi *fho-alt* (4) más deimhin leis an údarás ceannais gur gá sin a dhéanamh chun cuspóirí na hollscoile a bhaint amach, ach ní dhéanfaidh sé amhlaidh ach amháin de réir creata a chomhaontófar idir na hollscoileanna agus an tÚdarás.

(b) Ní fhéadfaidh corparáid dá dtagraítear in *alt* 13 (2)(c) luach saothair, táillí, liúntais agus caiteachais a íoc le fostaithe de chuid ollscoile ach amháin de réir creata a chomhaontófar idir na hollscoileanna agus an tÚdarás.

(6) Féadfaidh ollscoil aon fhostaí a chur ar fionraí nó a dhífhostú, ach sin amháin de réir nósanna imeachta agus faoi réir aon choinníollacha a bheidh sonraithe i reacht arna dhéanamh tar éis dul i gcomhairle, trí ghnáthstruchtúir caidrimh tionscail a bheidh á n-oibriú san ollscoil, le comhlachais foirne aitheanta nó le ceardchumainn, ar nósanna imeachta nó coinníollacha iad lena bhféadfar socrú a dhéanamh maidir le cumhachtaí a bhaineann le fionraí nó dífhostú a tharmligean chun an phríomhoifigigh agus lena ndéanfar socrú maidir le seilbh oifige oifigeach.

(7) Déanfaidh ollscoil nó Ollscoil na hÉireann téarmaí agus coinníollacha aon scéime aoisliúntais a chinneadh dá fostaithe de réir an *Cúigiú Sceideal* agus beidh feidhm ag an Sceideal sin maidir le leasú ar scéim láithreach ar an tslí chéanna a bhfuil feidhm aige maidir le scéim nua.

(8) Chun amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo—

(a) nach lú tairbhe, de bhua oibriú an Achta seo, na cearta agus an teideal maidir le seilbh, luach saothair, táillí, liúntais, caiteachais agus aoisliúntas a bheidh á dteachtadh, ar thosach feidhme an ailt seo ag daoine is fostaithe, agus i gcás aoisliúntais, ag daoine is iarfhostaithe, d'ollscoil lena mbaineann an tAcht seo, ná na cearta agus na teidil sin a bhí á dteachtadh ag na daoine sin mar fhostaithe den ollscoil nó den chomhcholaíste comhréireach nó den Choláiste Aitheanta, díreach roimh an tosach feidhme sin, agus

(b) go leanfaidh na coinníollacha seirbhíse, na srianta agus na hoibleagáidí a raibh na daoine sin faoina réir díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, mura n-athrófar iad le comhaontú, d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine sin agus déanfaidh an ollscoil nó an príomhoifigeach iad a fheidmiú nó a fhorchur de réir mar is cuí, fad a bheidh na daoine sin ar fostú ag an ollscoil.

Díospóidí a réiteach.

**26.—**(1) Déanfaidh údarás ceannais nósanna imeachta a bhunú chun díospóidí a éireoidh san ollscoil a réiteach, seachas díospóidí a ndéileálfar leo trí ghnáthstruchtúir caidrimh tionscail a bheidh á n-oibriú san ollscoil nó achomhairc arna seoladh de réir *alt* 27 (2) (e).

(2) Maidir le nósanna imeachta a bhunófar faoi *fho-alt* (1)—

(a) sonrúfar iad i reacht,

- (b) bunófar iad tar éis dul i gcomhairle le ceardchumann agus comhlachais foirne atá ionadaitheach d'fhostaithe na hollscoile agus le haontas na mac léinn nó comhlacht ionadaitheach mac léinn eile, agus
  - (c) déanfaidh siad foráil maidir le duine neamhspleách nó daoine neamhspleácha, de réir mar is cuí, ar ainmnitheach ó Sheansailéir Ollscoil na hÉireann duine díobh i gcás comhollscoile, do bhreithniú saincheisteanna a bheidh faoi dhíospóid.
- (3) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (1)* agus (2) maidir le Coláiste na Tríonóide.

## CAIBIDIL 5

*Comhairle Acadúil*

**27.**—(1) Beidh ag gach ollscoil comhairle acadúil a dhéanfaidh, faoi réir na sriantachtaí airgeadais a chinnfidh an t-údarás ceannais agus faoi réir athbhreithniú ag an údarás sin, rialú ar ghnóthaí acadúla na hollscoile, lena n-áirítear curaclam na hollscoile, agus an teagasc agus an t-oideachas a sholáthróidh an ollscoil. Comhairle acadúil.

(2) Gan ginearáltacht *fho-alt (1)* a theorannú, beidh ar áireamh i bhfeidhmeanna na comhairle acadúla, faoi réir na sriantachtaí sin agus i gcomhréir le feidhmeanna na hollscoile agus leis na feidhmeanna a bhaineann lena comhairle acadúil díreach roimh thosach feidhme na Coda seo—

- (a) cláir staidéir a cheapadh agus a fhorbairt,
- (b) struchtúir a bhunú chun na cláir sin a chur i ngníomh,
- (c) moltaí a dhéanamh maidir le cláir chun taighde a fhorbairt,
- (d) moltaí a dhéanamh a bhaineann le mic léinn a roghnú, a ligean isteach, a choinneáil agus a eisiamh i gcoitinne,
- (e) foirm agus ábhar na reachtanna a dhéanfar maidir le gnóthaí acadúla na hollscoile a mholadh, lena n-áirítear scrúduithe a sheoladh, torthaí scrúduithe a chinneadh, na nósanna imeachta le haghaidh achomharc ó mhic léinn in aghaidh thorthaí na scrúduithe sin agus meastóireacht ar dhul chun cinn acadúil,
- (f) moltaí a dhéanamh le haghaidh ánrachtaí, scoláireachtaí, sparánachtaí, duaiseanna nó dámhachtainí eile a dhámhachtain,
- (g) socrúithe ginearálta a dhéanamh le haghaidh comhairliú teagaisc nó comhairliú acadúil eile,
- (h) aon fheidhmeanna eile a chomhlíonadh, nach bhfuil ar neamhréir leis an Acht seo, agus a tharmligfidh an t-údarás ceannais chuige,
- (i) aon reachtanna agus rialacháin arna ndéanamh ag an údarás ceannais agus a bhaineann le haon cheann de na nithe dá dtagraítear san *fho-alt* seo, a chur i ngníomh.

Comhdhéanamh na comhairle acadúla.

**28.**—(1) Beidh tromlach chomhaltaí na comhairle acadúla ina gcomhaltaí d'fhoireann acadúil na hollscoile agus, faoi réir *fho-alt* (2), forálfar i reacht do líon, comhdhéanamh, roghnúireacht, ceapachán agus téarmaí oifige comhaltaí, ar reacht é ina mbeidh forálacha maidir leis na daoine seo a leanas a áireamh ar an gcomhairle acadúil—

- (a) an comhalta sinsearach foirne ar a bhfuil freagracht don phríomhoifigeach as gach disciplín, scoil nó roinn acadúil de réir mar a chinnfidh an t-údarás ceannais nó, i gcás Choláiste na Tríonóide, an comhalta sinsearach foirne ar a bhfuil freagracht don phríomhoifigeach as gach dámh,
- (b) comhaltaí ó réimse cuí leibhéal foirne acadúla eile ó réimse cuí disciplíní acadúla, i dtuairim an údaráis cheannais, agus
- (c) líon cuí mac léinn.

(2) Déanfar comhdhéanamh agus téarmaí oifige comhaltaí comhairle acadúla a cheapfar i gcéadúair faoin Acht seo a chinneadh i gcomhairle le comhaltaí chomhairle acadúil na hollscoile iomchuí, an chomhcholáiste iomchuí nó an Choláiste Aitheanta iomchuí a bheidh i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme na Coda seo nó, i gcás forais oideachais arna bhunú faoi *alt 9* mar ollscoil tar éis an tosach feidhme sin, le comhaltaí chomhairle acadúil (cibé ainm faoina n-aithnítear í) an fhorais sin a bhí i seilbh oifige díreach roimh an dáta a bunaíodh an foras amhlaidh mar ollscoil.

(3) Beidh an príomhoifigeach agus an t-oifigeach sinsearach de chuid na hollscoile a bheidh freagrach don phríomhoifigeach as gnóthaí acadúla ina gcomhaltaí, *ex officio*, den chomhairle acadúil.

Gnó na comhairle acadúla.

**29.**—(1) Faoi réir an Achta seo agus aon ordachán ón údarás ceannais, tionólfaidh comhairle acadúil cibé cruinnithe a mheasfaidh sí is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh agus féadfaidh sí a nós imeachta féin a rialáil.

(2) Beidh an príomhoifigeach i dteideal a bheith i gceannas ar an uile chruinniú den chomhairle acadúil nó de choiste den chomhairle ag a mbeidh sé nó sí i láthair, ach má roghnaíonn an príomhoifigeach tráth ar bith gan a bheith i gceannas amhlaidh, ainmneoidh sé nó sí duine chun bheith i gceannas ina ionad nó ina hionad.

(3) Féadfaidh comhairle acadúil cibé coistí agus cibé líon coistí a mheasfaidh sí is gá a bhunú chun cuidiú léi i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

(4) Féadfaidh sé nach mbeidh ar choiste ach comhaltaí den chomhairle acadúil, nó go mbeidh cibé teaghlaim de chomhaltaí agus de dhaoine nach comhaltaí a mheasfaidh an chomhairle acadúil a bheith cuí ar choiste.

Comhairlí acadúla láithreacha do leanúint ar marthain.

**30.**—(1) Maidir le comhairle acadúil (cibé ainm faoina n-aithnítear í) d'ollscoil, de chomhcholáiste nó de Choláiste Aitheanta a bheidh i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, leanfaidh sí de bheith ar marthain, tar éis an tosach feidhme sin agus d'ainneoin aisghairm aon fhorála d'achtachán faoina ndearnadh í a chomhdhéanamh amhail is nár aisghaireadh an fhoráil sin riamh.

(2) Maidir le comhairle acadúil a leanann de bheith ar marthain faoi *fho-alt (1)*, is í a bheidh ina comhairle acadúil don ollscoil, agus beidh cumhachtaí uile comhairle acadúla aici faoin Acht seo, go dtí go mbunófar comhairle acadúil don ollscoil de réir na Caibidle seo nó go dtí an lá atá aon bhliain amháin tar éis dháta thosach feidhme na Coda seo, cibé acu is túisce.

## CAIBIDIL 6

*Cairteacha agus Reachtanna*

**31.**—(1) Féadfaidh ollscoil cairt a bheith aici, nach mbeidh ar neamhréir leis an Acht seo, ina leagfar amach gach ní nó aon ní díobh seo a leanas: Cairteacha agus cairteacha forlíontacha.

- (a) cuspóirí agus feidhmeanna na hollscoile maidir lena gnóthaí acadúla agus riaracháin;
- (b) na socrúithe atá ag an ollscoil maidir le cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus maidir le cultúir na hÉireann a chur chun cinn;
- (c) comhdhéanamh an údaráis ceannais agus a fheidhmeanna;
- (d) cearta a cuid fostaithe agus mac léinn agus an fhreagracht atá orthu i leith na hollscoile agus an fhreagracht atá ar an ollscoil ina leith;
- (e) na socrúithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí, nó chun achomhairc a dhéanamh in aghaidh cinntí, ón údarás ceannais nó ón gcomhairle acadúil a dhéanann difear d'fhostaithe nó do mhic léinn;
- (f) beartas na hollscoile maidir le comhionannas deiseanna a chur chun cinn i measc mac léinn agus fostaithe,
- (g) beartas na hollscoile maidir le hoideachas aosach agus leanúnach agus na socrúithe a bheidh bunaithe chun an t-oideachas sin a sholáthar, lena n-áirítear cúrsaí páirtaimseartha agus cúrsaí tráthnóna; agus
- (h) aon nithe eile a mheasfaidh an t-údarás ceannais is iomchuí.

(2) Le linn cairt a ullmhú, rachaidh an t-údarás ceannais i gcomhairle, i cibé slí is dóigh leis is cuí, le foireann acadúil agus fostaithe eile na hollscoile, le haon cheardchumann nó le haon chomhlachas foirne aitheanta, le haon aontas mac léinn aitheanta nó aon chomhlacht ionadaitheach mac léinn aitheanta eile, nó le haon duine nó le haon ghrúpa eile, laistigh den ollscoil agus lasmuigh di, a mheasfaidh sé gur chóir dul i gcomhairle leis nó léi nó leo.

(3) Aon chairt arna déanamh ag údarás ceannais comhcholaíste nó Choláiste na Tríonóide faoin alt seo, is cairt fhorlíontach í le cairt na hollscoile sin a bheidh i bhfeidhm ag tosach feidhme na Coda seo.

(4) Féadfaidh an t-údarás ceannais dréacht de chairt a bheidh beartaithe faoin alt seo a chur faoi bhráid an Rialtais maille le hiarraidh go n-aithneofar í, agus aithneoidh an Rialtas an chairt arna dréachtú amhlaidh, le hordú.

(5) Leagfar ordú faoi *fho-alt* (4) faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin gcairt a aithníodh leis an ordú.

Cairteacha a chaomhnú.

**32.**—(1) Aon tagairt don *Irish Universities Act*, 1908, i gClásail I, III agus VIII de chairteacha na gcomhcholáistí agus i gClásal I de chairt Ollscoil na hÉireann, forléireofar í mar thagairt don Acht sin agus *d'Acht na nOllscoileanna, 1997*.

(2) Féadfaidh an Rialtas, le hordú a dhéanfar ar iarratas ó ollscoil, cairt na hollscoile a leasú ar mhodh a gcomhaontóidh ag an ollscoil leis.

(3) I gcás ina measann ollscoil gur chóir a cairt, arna leasú leis an Acht seo nó faoi, a chomhdhlúthú in aon ionstraim amháin, féadfaidh sí cóip den chairt chomhdhlúite a chur faoi bhráid an Rialtais agus féadfaidh an Rialtas, má chomhaontaíonn sé, an chairt arna comhdhlúthú amhlaidh a aithint, le hordú.

(4) Aon ordú a dhéanfar faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin gcairt chomhdhlúite a aithníodh leis an ordú.

Reachtanna.

**33.**—(1) Faoi réir an Achta seo agus chairt na hollscoile, más ann, féadfaidh údarás ceannais ollscoile nó an Seanad, agus i gcás ina gceanglaítear air leis an Acht seo déanamh amhlaidh, déanfaidh sé, cibé reachtanna agus rialacháin agus cibé líon reachtanna agus rialachán is cuí leis chun gnóthaí na hollscoile a rialáil.

(2) Déanfaidh údarás ceannais, a luaithe is indéanta tar éis reacht nó rialachán a dhéanamh faoi *alt 17(2)* nó *24(1)*, a chur in iúl don Údarás agus don Aire go ndearnadh an reacht agus déanfaidh sé socrú chun é a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.

(3) Maidir leis na reachtanna a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme na Coda seo in ollscoil lena mbaineann an tAcht seo nó ina chomhcholáiste comhréireach nó ina Choláiste Aitheanta, leanfaidh siad, a mhéid atá siad ar comhréir leis an Acht seo, i bhfeidhm mar reachtanna den ollscoil nó den chomhollscoil comhréireach ar an tosach feidhme sin agus dá éis ach féadfar iad a aisghairm nó a leasú le reacht arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)*.

(4) Aisghairtear leis seo alt 5 den *Irish Universities Act*, 1908

#### CAIBIDIL 7

#### *Pleanáil agus Meastóireacht*

Plean forbartha straitéisí.

**34.**—(1) Déanfaidh údarás ceannais, a luaithe is indéanta tar éis a cheaptha agus cibé tráthanna eile is cuí leis, a cheangal ar an bpríomhoifigeach plean a ullmhú ina leagfar amach aidhmeanna an údaráis ceannais le haghaidh oibriú agus fhorbairt na hollscoile agus

a straitéis chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, agus chun feidhmeanna na hollscoile a chomhall, le linn na tréimhse, nach lú ná trí bliana, lena mbaineann an plan.

(2) Féadfaidh údarás ceannais, ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil don ollscoil, plan forbartha straitéisí arna ullmhú faoi *fho-alt (1)* a cheadú gan mhodhnú nó, tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoifigeach, an plan a cheadú fara cibé modhnuithe is cuí leis.

(3) A luaithe is indéanta tar éis dó an plan forbartha straitéisí a cheadú faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh an t-údarás ceannais cóip den phlean a sholáthar don Údarás agus don Aire.

**35.**—(1) Déanfaidh údarás ceannais, i gcomhairle leis an gcomhairle acadúil, a luaithe is indéanta tar éis an t-údarás ceannais a bhunú faoin Acht seo agus cibé tráthanna eile is cuí leis, a cheangal ar an bpríomhoifigeach nósanna imeachta maidir le dearbhú cáilíochta a bhunú arb aidhm dóibh cáilíocht an oideachais agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn an ollscoil a fheabhsú. Dearbhú cáilíochta.

(2) Áireofar ar na nósanna imeachta—

(a) meastóireacht, i gceann tréimhsí tráthrialta agus in aon chás uair amháin ar a laghad gach 10 mbliana nó cibé tréimhse is faide a chinnfidh an ollscoil i gcomhaontú leis an Údarás, ar gach roinn agus, i gcás inar cuí, ar gach dámh den ollscoil, agus ar aon seirbhís a sholáthraíonn an ollscoil, ag fostaithe de chuid na hollscoile ar an gcéad ásc agus ag daoine, seachas fostaithe, atá inniúil ar chomparáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh i leith cháilíocht na múinteoireachta agus an taighde agus i leith soláthair seirbhísí eile ag leibhéal ollscoile, agus

(b) measúnú acu siúd, lena n-áirítear mic léinn, atá ag baint leas as na seirbhísí múinteoireachta agus taighde agus as na seirbhísí eile a sholáthraíonn an ollscoil,

agus déanfar foráil leo maidir le fionnachtana a éireoidh as cur chun feidhme na nósanna imeachta sin a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis an údarás ceannais.

(3) Déanfaidh údarás ceannais aon fhionnachtana a éireoidh as meastóireacht arna déanamh de réir nósanna imeachta a bhunófar faoin alt seo a chur i ngníomh mura rud é, ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil don ollscoil, nó ar aon chúis eile, go mbeadh sé, i dtuairim an údarás ceannais, neamhphraiticiúil nó míréasúnach déanamh amhlaidh.

(4) Déanfaidh údarás ceannais, ó am go ham, agus in aon chás uair amháin ar a laghad gach 15 bliana, ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil don ollscoil agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, socrú chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta dá bhforáiltear leis an alt seo agus ar chur i ngníomh na bhfionnachtana a éireoidh as na nósanna imeachta sin a chur chun feidhme.

(5) Déanfaidh údarás ceannais, i dtuarascáil a ullmhófar de réir *alt 41*, torthaí athbhreithnithe arna sheoladh faoi *fho-alt (4)* a fhoilsiú.

**36.**—(1) Déanfaidh údarás ceannais, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis é a bhunú faoin Acht seo agus Beartas comhionannais.

cibé tráthanna eile is cuí leis, a cheangal ar an bpríomhoifigeach ráiteas i dtaobh bheartais na hollscoile a ullmhú maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rochtain ar an ollscoil agus ar oideachas ollscoile ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach, ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine ó earnálacha den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht shuntasach i gcuallacht na mac léinn, agus
- (b) comhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, i ngníomhaíochtaí uile na hollscoile,

agus beidh aird ag an bpríomhoifigeach, le linn an ráiteas a ullmhú, ar cibé beartais maidir leis na nithe sin a chinnfidh an tAire ó am go ham.

(2) Féadfaidh údarás ceannais, ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil don ollscoil, an ráiteas a ullmhófar faoi *fho-alt (1)* a cheadú gan mhodhnú nó, tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoifigeach, an ráiteas a cheadú fara cibé modhnuithe is cuí leis.

(3) Déanfaidh ollscoil na beartais a leagfar amach sa ráiteas mar a cheadófar é faoi *fho-alt (2)* a chur i ngníomh.

#### CAIBIDIL 8

##### *Airgeadas, Maoin agus Tuairisciú*

Buiséid.

**37.**—(1) Déanfaidh údarás ceannais, an 1ú lá de Mhárta nó roimhe i ngach bliain airgeadais nó cibé dáta eile a cheadóidh an tÚdarás (ar féidir gur dáta é roimh thosach na bliana airgeadais lena mbaineann an ráiteas), ráiteas maidir le caiteachas beartaithe agus ioncam ionchasach na hollscoile don bhliain airgeadais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis, i cibé foirm agus ar cibé modh a cheadóidh an tÚdarás ó am go ham.

(2) Cinnfidh an tÚdarás, ag féachaint don ráiteas agus tar éis dul i gcomhairle le húdarás ceannais ollscoile, an méid airgid a bheidh le leithroinnt ar an ollscoil don bhliain airgeadais as airgead a sholáthraítear don Údarás de bhun alt 12 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, agus is é an méid arna leithroinnt amhlaidh, mar aon le hioncam ionchasach eile na hollscoile mar a chomhaontófar leis an Údarás, buiséad na hollscoile don bhliain airgeadais.

(3) Nuair a chinnfear buiséad ollscoile, is feidhm de chuid an phríomhoifigigh, ag gníomhú ar údarás an údaráis ceannais, é a chur in éifeacht.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, aon tráth, ar iarratas arna dhéanamh chuige ag údarás ceannais ollscoile, an méid airgid a bheidh le leithroinnt ar an ollscoil as airgead a sholáthraítear don Údarás a mhéadú.

(5) I gcás inarb é tuairim príomhoifigigh ollscoile go leanfaidh, nó gur dócha go leanfaidh, caiteachas de bhreis ar an mbuiséad nach bhfuil méadaithe de réir *fho-alt (4)* as gníomh atá beartaithe ag an údarás ceannais, (dá ngairtear “imeacht ábhartha ón mbuiséad” san alt seo) cuirfidh an príomhoifigeach an méid sin in iúl don údarás ceannais.



(6) I gcás ina gcinneadh údarás ceannais, d'ainneoin an méid sin a bheith curtha in iúl dó mar a cheanglaítear le *fo-alt (5)*, dul ar aghaidh lena ghníomh, déanfaidh an príomhoifigeach, a luaithe is indéanta, mura deimhin leis nó léi nach dtarlóidh imeacht ábhartha ón mbuiséad, cinneadh an údarás ceannais a chur in iúl don Údarás.

(7) Más rud é, d'ainneoin an ailt seo, go dtabhóidh ollscoil caiteachas de bhreis ar a buiséad is caiteachas nach n-íocfar as ioncam na hollscoile ar leith ón airgead a leithroinnfidh an tÚdarás uirthi, beidh an bhreis sin ina túsnuirear ar an mbuiséad don chéad bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

**38.**—(1) Féadfaidh ollscoil airgead a fháil ar iasacht trí rótharraingt bhainc nó ar shlí eile agus féadfaidh sí ráthaíocht a thabhairt i leith iasachta nó frithghealladh a dhéanamh ar iasacht arna glacadh, nó arna gabháil air féin nó uirthi féin, ag duine nó ag comhlacht daoine. Iasachtaí agus ráthaíochtaí iasachtaí.

(2) Beidh iasacht, ráthaíocht agus frithghealladh faoi *fho-alt (1)* de réir creata a chomhaontófar ó am go ham idir na hollscoileanna agus an tÚdarás, tar éis don Údarás dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Airgeadais.

**39.**—(1) Coimeádfaidh ollscoil, i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás, gach cuntas agus taifead is cuí agus is gnách ar gach ioncam a gheobhaidh sí nó ar gach caiteachas a thabhóidh sí. Cuntais agus taifid a choimeád.

(2) Déanfaidh ollscoil cuntais a choimeádfar de bhun *fho-alt (1)* a chur, a mhéid a ordóidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste é, faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste gach bliain, faoi cibé dáta a chinnfidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ó am go ham, lena n-iniúchadh agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfaidh an ollscoil cóip de na cuntais, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais, a thíolacadh don Údarás agus don Aire.

(3) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na cuntais a bheidh tíolactha don Aire faoin alt seo, mar aon le cóipeanna de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais sin, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

**40.**—(1) Féadfaidh ollscoil táillí de cibé méideanna a chinneadh agus a mhuirearú le haghaidh clárú mac léinn, cúrsaí, léachtaí, scrúduithe, taispeántas nó aon imeachta, seirbhíse nó foilseacháin eile a sheolfar nó a sholáthrófar san Ollscoil nó a sheolfaidh, a sholáthróidh nó a tháirgfidh an Ollscoil. Táillí.

(2) Féadfaidh an tÚdarás na táillí a mhuirearóidh na hollscoileanna nó a bheartóidh siad a mhuirearú le haghaidh clárú mac léinn agus cúrsaí, agus le haghaidh léachtaí agus scrúduithe a bhaineann leis na cúrsaí sin, a athbhreithniú i dteannta na hollscoileanna.

(3) Ag éirí as athbhreithniú faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás, gan dochar d'*fho-alt (1)* agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, comhairle a thabhairt do na hollscoileanna i dtaobh na dtáillí ba chóir, ina tuairim, a mhuirearú.

Tuarascáil agus faisnéis.

**41.—**(1) Déanfaidh an príomhoifigeach, le ceadú an údaráis ceannais agus ag féachaint don phlean forbartha straitéisí faoi *alt 34*, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh gach tréimhse, nach faide ná trí bliana dar tús tosach feidhme na Coda seo nó ag deireadh na tréimhse den sórt sin roimhe sin, cibé acu is déanaí, de réir mar is cuí leis an údarás ceannais, tuarascáil a ullmhú i dtaobh oibríochtaí agus fheidhmíocht na hollscoile i rith na tréimhse sin.

(2) Foilseoidh an t-údarás ceannais an tuarascáil i cibé foirm is cuí leis agus soláthróidh sé cóip don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis dó nó di í a fháil.

Talamh a dhiúscairt, etc.

**42.—**(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh ollscoil aon talamh is maoin de chuid na hollscoile a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile.

(2) I gcás ina ndearnadh fáil, forbairt nó athfheistiú talún is maoin de chuid ollscoile a mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas tar éis dháta rite an Achta seo, beidh aon díol nó diúscairt eile a dhéanfar ar an talamh sin faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha maidir le híocaíocht leis an Aire mar chúiteamh san airgead sin, a chomhaontóidh an tAire agus an t-údarás ceannais.

(3) Má scoireann ollscoil de bheith maoinithe go substainteach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas, ansin beidh an t-airgead go léir a sholáthróidh an tOireachtas don ollscoil tar éis dháta rite an Achta seo chun talamh a fháil, a fhorbairt nó a athfheistiú, nó chun aon sócmhainní eile a fháil is maoin de chuid na hollscoile, inaisíoctha leis an Aire faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha i dtaobh an mhéid a bheidh le haisíoc amhlaidh, a chomhaontófar idir an tAire agus an t-údarás ceannais.

(4) I gcás nach bhféadfaidh an tAire agus údarás ceannais comhaontú ar théarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear san alt seo, cinnfidh eadránaí arna cheapadh nó arna ceapadh ag Uachtarán na hArd-Chúirte na saincheisteanna a bheidh faoi dhíospóid agus seolfar aon eadráin de réir na nAchtanna Eadrána, 1954 agus 1980.

#### CAIBIDIL 9

#### *Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

Bunú Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

**43.—**(1) Bunaítear leis seo Coláiste Aitheanta Choláiste Phádraig, Má Nuad mar chomhollscoil d'Ollscoil Náisiúnta na hÉireann agus beidh mar ainm uirthi, agus tabharfar mar ainm uirthi, *National University of Ireland, Maynooth*, nó sa Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

(2) Beidh Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ina comhlacht corpraithe le comharbas suthain agus séala oifigiúil agus beidh cumhacht agartha aici agus féadfar í a agairt ina hainm corpraithe agus beidh cumhacht aici talamh nó aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

Foireann láithreach a aistriú.

**44.—**(1) Gach duine a bhí, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, fostaithe ag Coláiste Phádraig, Má Nuad agus a íocadh, i leith na fostaíochta sin, go heisiach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas, tiocfaidh sé nó sí chun bheith, agus beidh sé nó sí, ar

thosach feidhme na Coda seo, ina fhostaí nó ina fostaí d'Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

(2) Gach duine a bhí, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, fostaíthe ag Coláiste Phádraig, Má Nuad agus a íocadh, i leith na fostaíochta sin, go páirteach ag Coláiste Phádraig agus go páirteach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas, fanfaidh sé nó sí, ar thosach feidhme na Coda seo, ina fhostaí nó ina fostaí ag Coláiste Phádraig ar dháta thosach feidhme na Coda seo ach féadfaidh sé nó sí ina dhiaidh sin, le comhaontú Choláiste Phádraig agus údarás ceannais na hollscoile, teacht chun bheith agus a bheith ina fhostaí nó ina fostaí d'Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

(3) Aon duine lena mbaineann *fo-alt (1)* nó a thiocfaidh de bhua *fho-alt (2)* chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí d'Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, ní bhfaighidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís na hollscoile, luach saothair is lú, ná ní bheidh sé nó sí faoi réir coinníollacha seirbhíse is lú tairbhe, ná an luach saothair ag an leibhéal ag a raibh teideal aige nó aici chuige, agus na coinníollacha seirbhíse a raibh sé nó sí faoina réir, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo.

(4) Na coinníollacha seirbhíse, na sriantachtaí, na ceanglais agus na hoibleagáidí a raibh duine lena mbaineann *fo-alt (3)* faoina réir díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir leis an duine fad a bheidh an duine sin i seirbhís na hollscoile mura n-athrófar iad le comhaontú, agus déanfaidh an ollscoil nó an príomhoifigeach, de réir mar is cuí, iad a fheidhmiú nó a fhorchur.

(5) Féadfaidh an ollscoil, tar éis dul i gcomhairle, trí ghnáthstruchtúir caidrimh tionscail a oibríonn san ollscoil, le haon chomhlachais foirne aitheanta nó le haon cheardchumainn lena mbaineann, athdháileadh nó athchóiriú a dhéanamh ar na dualgais a bheidh le comhlíonadh ag fostaíthe lena mbaineann *fo-alt (3)* agus beidh ceangal ar na fostaíthe sin na dualgais a chuirfear orthu in aon athdháileadh nó athchóiriú den sórt sin a chomhlíonadh.

(6) Maidir le hathdháileadh nó athchóiriú dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*, ní mheasfar gur cur as oifig é ná díothú oifige chun críche aon scéime nó achtacháin a bhaineann le haoisliúntas nó le cúiteamh i leith cailleadh oifige.

#### CUID 4

#### OLLSCOIL NA HÉIREANN

**45.**—(1) Leasaítear leis seo Clásal VI de Chairt Ollscoil na hÉireann trí “*the General Board of Studies*,” a scriosadh. Leasú ar Chairt Ollscoil na hÉireann.

(2) Leasaítear leis seo Clásal X de Chairt Ollscoil na hÉireann—

(a) trí fhochlásail (2), (3) agus (4) a aisghairm, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhochlásal (5):

“(5) (i) The Senate shall be constituted by—

(a) the Chancellor and the Registrar of the University and the chief officers of the constituent universities,

(b) four persons nominated by the Government, two of whom shall be women and two men,

(c) four persons elected by each of—

(i) the National University of Ireland, Dublin,

(ii) the National University of Ireland, Cork,

(iii) the National University of Ireland, Galway, and

(iv) the National University of Ireland, Maynooth,

(d) eight members of Convocation elected by Convocation of the University, four of whom shall be women and four men,

(e) not more than four persons co-opted to be members of the Senate by the Senate as constituted by the members appointed as referred to in paragraphs (a), (b), (c) and (d).

(ii) The governing authorities of the constituent universities shall determine the procedures for electing persons to the Senate, as provided for in paragraph (i), and those procedures shall ensure an appropriate gender balance, as determined or approved from time to time by the Minister, among the persons so elected and shall be set out in a statute of each university.

(iii) The members, other than *ex officio* members, shall hold office for a period not exceeding five years for which they are elected or nominated and a member whose term of office expires by effluxion of time shall be eligible to again be a member.

(iv) The Statutes shall prescribe, so far as may be necessary, the time at which and the manner in which a person may become a member of the Senate.”.

(3) Leasaítear leis seo Cairt Ollscoil na hÉireann trí fhochlásail (1) agus (4) de Chlásal XIV a scriosadh.

(4) Leasaítear leis seo Clásal XIX de Chairt Ollscoil na hÉireann trí “*the General Board of Studies*,” a scriosadh.

Leasú ar an *Irish Universities Act*, 1908.

46.—Leasaítear leis seo an *Irish Universities Act*, 1908—

(a) in alt 1 (2), trí “, *and after the expiration of that time be constituted in manner provided by the First SCEIDEAL to this Act*” a scriosadh,

- (b) trí alt 3 (2) agus (3) a scriosadh,
- (c) in alt 4 (3), trí “*or college*” a scriosadh, gach áit a bhfuil sé,
- (d) in alt 7 (4), trí na focail go léir tar éis “*religious worship or observance*” a scriosadh,
- (e) in alt 7 (6), trí “*and the governing bodies of the constituent colleges of the new university having its seat at Dublin respectively*” a scriosadh, agus
- (f) tríd an gCéad Sceideal a ghabhann leis a scriosadh.

**47.—**(1) Déanfaidh Seanad Ollscoil na hÉireann na buncheanglais mháithreánacha do na comhollscoileanna a chinneadh ach féadfaidh gach ollscoil ceanglais bhreise a fhorordú i gcoitinne nó maidir le dámha áirithe de chuid na hollscoile.

An bhaint atá ag na comhollscoileanna le hOllscoil na hÉireann.

(2) Déanfaidh gach comhollscoil na cúrsaí a bhunóidh an ollscoil sin ó am go ham a chur in iúl don Seanad agus féadfaidh an Seanad coiste a bhunú chun ábhar agus múineadh na gcúrsaí a athbhreithniú agus féadfaidh sé scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh chun cabhrú le haon athbhreithniú.

(3) Déanfaidh an Seanad torthaí athbhreithnithe arna sheoladh ag coiste a chur i bhfios don ollscoil lena mbaineann.

(4) Ceapfaidh an Seanad cibé scrúdaitheoirí seachtracha agus cibé líon scrúdaitheoirí seachtracha do chomhollscoil, lena n-áirítear scrúdaitheoirí arna gceapadh chun críche *fho-alt (2)*, a mholfaidh an ollscoil sin ó am go ham agus cinnfidh an Seanad feidhmeanna na scrúdaitheoirí seachtracha sin, le comthoilíú na hollscoile.

(5) Is céimeanna agus cáilíochtaí de chuid Ollscoil na hÉireann na céimeanna agus na cáilíochtaí eile a dhámhfaidh comhollscoil agus déanfar iad a ainmniú amhlaidh.

(6) I gcás inarbh í Ollscoil na hÉireann a cheap Uachtarán comhcholáiste nó aon fhostaí eile de chuid comhcholáiste, d’ainneoin aon ní san Acht seo, fanfaidh cumhachtaí agus feidhmeanna na hOllscoile sin maidir lena chur as oifig nó lena cur as oifig, i bhfeidhm i ndáil leis an duine sin.

**48.—**(1) Is iad comhaltaí gach comhollscoile—

Comhaltas comhollscoileanna.

- (a) comhaltaí a húdaráis ceannais,
- (b) comhaltaí a comhairle acadúla,
- (c) a fostaithe,
- (d) a mic léinn,
- (e) a céimithe, agus
- (f) cibé daoine eile a cheapfaidh a húdarás ceannais chun bheith ina gcomhaltaí.

(2) Measfar chun críocha fho-alt (1)(e), maidir leis na mic léinn uile de chuid comhcholáiste nó de chuid Choláiste Aitheanta Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, ar ar bronnadh céim de chuid Ollscoil na hÉireann mar thoradh ar a gcuid staidéar ag an gcoláiste roimh thosach feidhme Chuid III, gur céimithe iad de chuid na comhollscoile comhréirí.

## CUID 5

### AN TÚDARÁS

Athbhreithnithe

**49.**—Cabhróidh an tÚdarás, ar mhaithe lena fheidhmeanna ginearálta faoi alt 3 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, a chur chun cinn, leis na hollscoileanna i dtaca le cuspóirí *Chaibidlí IV, VII agus VIII* de *Chuid III* a bhaint amach agus féadfaidh sé athbhreithniú a dhéanamh—

- (a) ar na pleananna forbartha straitéisí arna n-ullmhú de réir *alt 34*,
- (b) ar na nósanna imeachta arna mbunú de réir *alt 35*,
- (c) ar na beartais atá leagtha amach sa ráiteas dá bhforáiltear in *alt 36* agus ar a gcur i ngníomh, agus
- (d) ar na nithe dá dtagraítear in *alt 50*, ag féachaint d’aon treoirlínte arna n-eisiúint de réir an ailt sin agus d’fhaisnéis arna soláthar de réir *alt 51*,

agus féadfaidh sé, tar éis dul i gcomhairle leis na hollscoileanna, tuarascáil a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis, ar thoradh aon athbhreithnithe den sórt sin.

Treoirlínte.

**50.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle le gach duine nó le haon duine de na príomhoifigigh, treoirlínte a eisiúint—

- (a) maidir le líonta nó gráid fostaithe den ollscoil, nó
- (b) maidir leis an gcion de bhuiséad na hollscoile a bheidh le cur chun feidhme i leith ghníomhaíochtaí éagsúla na hollscoile.

(2) Ní bheidh treoirlínte arna n-eisiúint faoi *fho-alt (1)* ina gceangal ar ollscoil, agus má imíonn ollscoil ó na treoirlínte sin ní dhéanfaidh an tÚdarás, mar gheall ar an imeacht sin, sriantachtaí nó coinníollacha a fhorchur ar úsáid airgid a íocfaidh an tÚdarás leis an ollscoil nó ní dhéanfaidh sé airgead is iníoctha leis an ollscoil ag an Údarás a theorannú ar shlí eile.

Faisnéis i dtaobh foirne.

**51.**—Cuirfidh ollscoil ar fáil don Údarás cibé faisnéis a iarrfaidh an tÚdarás ó am go ham maidir leis an líon fostaithe atá fostaithe ag an ollscoil, a gcomhdhéanamh de réir gráid, a dtéarmaí agus a gcoinníollacha fostaíochta (lena n-áirítear a luach saothair, a dtáillí, a liúntais agus a n-aoisliúntas) agus aon nithe gaolmhara eile.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

52.—(1) Ach amháin i ndáil le foras nó le saoráid oideachais a bheidh bunaithe agus arb é sin an tuairisc a bheidh air nó uirthi roimh an 30ú lá d'Iúil, 1996, (agus sa chás sin féadfar leanúint den tuairisc sin a thabhairt air nó uirthi), ní úsáidfidh duine, gan ceadú an Aire, an focal “ollscoil” mar thuairisc ar fhoras nó ar shaoráid oideachais. Gan ollscoil a thabhairt ar fhoras oideachais.

(2) Féadfaidh an tAire iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar urghaire chun srian a chur le haon duine úsáid a bhaint as an bhfocal “ollscoil” de shárú ar *fho-alt (1)*.

SCEIDEAL 1

Alt 6.

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

CUID I

Uimh. agus Bliain	Gearrtheideal
Uimh. 25 de 1980	Acht an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas, Luimneach, 1980
Uimh. 30 de 1980	Acht an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas, Baile Átha Cliath, 1980

CUID II

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 14 de 1989	An tAcht um Ollscoil Luimnigh, 1989	Ailt 3, 4 agus 5
Uimh. 15 de 1989	An tAcht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989	Ailt 3, 4 agus 5

SCEIDEAL 2

Alt 7 (1).

AN TÁBLA

Comhcholáiste (1)	Ainm na Comhollscoile (2)
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	National University of Ireland, Cork Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	National University of Ireland, Dublin Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
Coláiste na hOllscoile, Gaillimh	National University of Ireland, Galway Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

SCEIDEAL 3

ÚDARÁS CEANNAIS

1. (1) A luaithe is indéanta tar éis a bhunaithe, soláthróidh údarás ceannais ollscoile séala don ollscoil agus coimeádfaidh sé ina sheilbh é.

(2) Fíordheimhneofar séala ollscoile le síniú an chathaoirligh nó le síniú comhalta den údarás ceannais, agus le síniú fostaí den ollscoil, ar daoine iad a bheidh údaraithe ag an údarás ceannais chun gníomhú chuige sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala ollscoile, agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne ollscoil agus a bheith séalaithe le séala na hollscoile (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir an Sceidil seo) agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura suítear a mhalairt.

2. (1) Beidh cathaoirleach ag gach údarás ceannais, mar a fhoráiltear in *alt 17*, ar a dtabharfar cibé teideal a chinnfidh an t-údarás ceannais.

(2) Féadfaidh an cathaoirleach, tráth ar bith, éirí as oifig mar chathaoirleach trí litir a bheidh dírithe chuig an údarás ceannais agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta ar a bhfaighfear an litir.

3. (1) Féadfar comhalta d'údarás ceannais a chur as oifig le rún ón údarás ceannais, ar chúis mhaith bhailí.

(2) Féadfaidh comhalta d'údarás ceannais, tráth ar bith, éirí as oifig mar chomhalta trí litir a bheidh dírithe chuig an gcathaoirleach agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta ar a bhfaighfear an litir.

(3) Aon chomhalta d'údarás ceannais a bheidh as láthair ó gach cruinniú den údarás ceannais ar feadh tréimhse sé mhí as a chéile, mura rud é gur breoiteacht faoi deara é nó í a bheith as láthair nó gur cheadaigh an t-údarás ceannais é, scoirfidh sé nó sí ag deireadh na tréimhse sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás ceannais.

(4) Aon chomhalta d'údarás ceannais (lena n-áirítear cathaoirleach a cheapfar faoi *alt 17 (3)*) a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire, beidh sé nó sí in-athcheaptha.

4. (1) Faoi réir an Sceidil seo agus *alt 21*, ní lú ná trí bliana agus ní mó ná cúig bliana téarma oifige comhalta de gach údarás ceannais dá leanfaidh, seachas comhalta *ex officio*, de réir mar a chinnfidh an t-údarás ceannais a bhí i seilbh oifige díreach roimh an comhalta sin a cheapadh.

(2) Beidh comhalta d'údarás ceannais is mac léinn den ollscoil i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná bliain amháin, a chinnfidh an t-údarás ceannais ach féadfar é nó í a athcheapadh ar feadh tréimhse breise nó tréimhsí breise, nach faide ná bliain amháin ar gach ócáid.

5. (1) I gcás comhalta d'údarás ceannais, d'fháil bháis, d'éirí as, a chur as oifig nó do scor d'oifig a shealbhú ar aon chúis eile, déanfaidh an t-údarás ceannais socrú chun an corrfholúntas a tharla amhlaidh a líonadh a luaithe is indéanta.



(2) Aon duine a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás ceannais chun corrholúntas a líonadh, beidh sé nó sí, faoi réir an Sceidil seo, i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ar tharla an corrholúntas de bharr é nó í d'fháil bháis, d'éirí as, a chur as oifig nó do scor d'oifig a shealbhú ar chúiseanna eile agus beidh sé nó sí, faoi réir *mhír 3(4)*, in-athecheaptha.

6. (1) Déanfaidh gach údarás ceannais, ó am go ham de réir mar is gá sa chás, comhalta a cheapadh as measc a chomhaltaí (seachas an príomhoifigeach) chun bheith ina leaschathaoirleach air.

(2) Beidh an leaschathaoirleach i seilbh oifige go dtí go scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás ceannais, mura túisce a éireoidh sé nó sí as mar leaschathaoirleach.

7. (1) Más rud é, i gcás comhalta d'údarás ceannais—

- (a) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í nó go ndéanfaidh sé nó sí, faoi choimirce nó faoi nós imeachta cúirte, imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,
- (b) go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, nó
- (c) go scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den earnáil daoine, dá bhforáiltear in *alt 16*, lenar bhain sé nó sí an tráth a tháinig sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta,

scoirfidh sé nó sí, air sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás ceannais.

(2) Ní bheidh duine i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás ceannais más rud é—

- (a) gur féimheach neamhurscaoilte é nó í,
- (b) go ndearna sé nó sí, sna trí bliana díreach roimhe sin, faoi choimirce nó faoi nós imeachta cúirte, imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe, nó
- (c) gur chuir cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, sna cúig bliana díreach roimhe sin.

8. (1) Aon chomhalta d'údarás ceannais a bhfuil leas aige nó aici—

- (a) i gcuideachta (seachas cuideachta phoiblí nach stiúrtóir di é nó í nó nach bhfuil baint ar shlí eile aige nó aici lena bainistiú) nó i ngnólacht lena mbeartaíonn an ollscoil conradh a dhéanamh, nó
- (b) i gconradh a bheartaíonn an ollscoil a dhéanamh,

nochtfaidh sé nó sí don údarás ceannais go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an leas é agus ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniú ná cinneadh ag an údarás ceannais a bhaineann leis an gconradh, agus taifeadfar an nochtadh i miontuairiscí an údaráis ceannais.

(2) Aon chomhalta d'údarás ceannais ollscoile a bhfuil gaol aige nó aici le duine is iarrthóir lena cheapadh nó lena ceapadh ag an údarás ceannais ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na hollscoile, nochtfaidh sé nó sí don údarás ceannais go bhfuil an gaol sin aige nó aici agus cad é an gaol é agus ní ghlacfaidh sé nó sí, má chinneann an t-údarás ceannais amhlaidh, páirt in aon bhreithniú nó cinneadh ag an údarás ceannais maidir leis an gceapadh, agus taifeadfar an nochtadh agus an cinneadh i miontuairiscí an údaráis ceannais.

(3) Gníomhóidh comhalta d'údarás ceannais i gcónaí, mar chomhalta, chun leasa na hollscoile agus ní ghníomhóidh sé nó sí mar ionadaí thar ceann aon leasa speisialta ar choinníoll nach gcuirfidh aon ní sa mhír seo srian le comhalta tuairimí na ndaoine a thogh é nó í a léiriú ag cruinnithe den údarás ceannais nó le saoirse an chomhalta sin chun tuairimí a nochtadh.

9. Déanfar cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire, le ceadú an Aire Airgeadais, a íoc le cathaoirleach agus le comhaltaí údaráis ceannais, seachas comhalta *ex officio* is fostaí den ollscoil, as cistí a bheidh faoina réir ag an údarás ceannais.

10. (1) Tionólfaidh údarás ceannais cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe, agus sin ag cibé tráthanna, a chinnfidh an cathaoirleach.

(2) Comórfaidh an cathaoirleach cruinniú den údarás ceannais aon uair a iarrfaidh líon comhaltaí, nach lú ná an líon is córam, air nó uirthi déanamh amhlaidh.

(3) Is é is córam do chruinniú d'údarás ceannais trian de líon iomlán na gcomhaltaí, arna chothromú suas go dtí an chéad slánuimhir eile, móide a haon.

11. Ag cruinniú d'údarás ceannais—

- (a) beidh an cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó
- (b) mura mbeidh agus fad nach mbeidh an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn agus fad a bheidh oifig an chathaoirligh folamh, beidh an leaschathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú,
- (c) mura mbeidh agus fad nach mbeidh an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn agus fad a bheidh oifig an chathaoirligh folamh, agus mura mbeidh agus fad nach mbeidh an leaschathaoirleach i láthair nó má bhíonn agus fad a bheidh oifig an leaschathaoirligh folamh, déanfaidh na comhaltaí den údarás ceannais a bheidh i láthair duine dá líon a roghnú chun bheith i gceannas ag an gcruinniú.

12. Déanfar gach ceist ag cruinniú d'údarás ceannais a chinneadh le comhthoil, ach i gcás inarb é tuairim an chathaoirligh nó an duine eile a bheidh i gceannas nach féidir teacht ar chomhthoil, cinnfear an cheist le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach nó ag an duine eile a bheidh i gceannas.

13. Faoi réir *mhír 10(3)*, féadfaidh údarás ceannais gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a chomhaltaí nó d'ainneoin aon easnaimh maidir le toghadh nó ceapadh comhalta a aimseofar ina dhiaidh sin.

14. Faoi réir an Achta seo, déanfaidh údarás ceannais, le buanorduithe nó ar shlí eile, a nós imeachta agus a ghnó a rialáil.

15. Faoi réir an Achta seo, féadfaidh údarás ceannais ollscoile, ó am go ham, cibé rialacháin is cuí leis a dhéanamh chun gnóthaí na hollscoile a sheoladh.

#### SCEIDEAL 4

*Alt 24 (3).*

#### AN PRÍOMHOIFIGEACH

1. Déanfaidh príomhoifigeach ollscoile, faoi réir an Achta seo, an ollscoil a bhainistiú agus a stiúradh ina gníomhaíochtaí acadúla, airgeadais, pearsanra agus ina gníomhaíochtaí eile agus, chun na gcríoch sin, beidh aige nó aici na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach.

2. Le linn don phríomhoifigeach a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, beidh sé nó sí faoi réir cibé beartas a chinnfidh an t-údarás ceannais ó am go ham agus beidh sé nó sí freagrach don údarás ceannais as an ollscoil a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

3. (1) Féadfaidh príomhoifigeach aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna, lena n-áirítear aon fheidhmeanna arna dtarligean chuig an bpríomhoifigeach de réir *alt 25(2)*, a tharligean chuig fostaí den ollscoil, mura rud é go mbeidh siad tarmligthe amhlaidh chuig an bpríomhoifigeach faoi réir an choinníll nach ndéanfar iad a fho-tharligean, agus beidh an fostaí freagrach don phríomhoifigeach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

(2) D'ainneoin aon tarmligin den sórt sin, beidh an príomhoifigeach freagrach gach aon tráth don údarás ceannais i leith na bhfeidhmeanna arna dtarligean amhlaidh.

4. Ní shealbhóidh príomhoifigeach aon oifig eile nó aon phost eile gan toiliú an údaráis ceannais.

5. Beidh príomhoifigeach i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon choiste agus de gach coiste a cheapfaidh an t-údarás ceannais agus a bheith i gceannas air.

6. Aon duine a bhí, díreach roimh thosach feidhme *Chuid III*, ar fostú mar Uachtarán comhcholáiste nó mar Mháistir Choláiste Aitheanta Choláiste Phádraig, Má Nuad, déanfar é nó í a cheapadh, má thoilíonn sé nó sí amhlaidh, ina phríomhoifigeach nó ina príomhoifigeach ar an gcomhollscoil chomhréireach ar an tosach feidhme sin.

7. Mura n-éireoidh sé nó sí as oifig ar shlí eile, nó mura scoirfidh sé nó sí, nó mura gcuirfeas as oifig é nó í, sealbhóidh príomhoifigeach oifig ar feadh tréimhse 10 mbliana agus, i gcás príomhoifigigh lena mbaineann *mír 6*, déanfar aon tréimhse a bheidh caite mar Uachtarán comhcholáiste nó mar Mháistir Choláiste Aitheanta Choláiste Phádraig, Má Nuad roimh thosach feidhme *Chuid III* a áireamh mar chuid den tréimhse 10 mbliana sin.

Alt 25 (7).

## SCEIDEAL 5

### AOISLIÚNTAS

1. A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme *Chuid III*, déanfaidh ollscoil, faoi réir *alt 25*, scéim nó scéimeanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis maidir le deonú pinsean, aiscí agus liúntas eile do gach duine dá cuid fostaithe nó ina leith (lena n-áirítear an príomhoifigeach) de réir mar a mheasfaidh sí is cuí de dhroim iad do scor nó bás a fháil, de réir mar a bheidh.

2. Socrófar le gach scéim tráth scoir agus coinníollacha scoir gach duine lena mbeidh, nó ar ina leith a bheidh, pinsin, aiscí nó liúntais iníoctha faoin scéim agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

3. Féadfaidh ollscoil tráth ar bith scéim a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis lena leasófar scéim arna cur faoina bhráid agus arna ceadú roimhe sin faoin Sceideal seo.

4. Déanfaidh ollscoil scéim nó scéim leasaithe a chuirfear faoi bhráid an Údaráis faoin Sceideal seo, má cheadaíonn an tÚdarás í le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a chur i grích de réir a téarmaí.

5. Má éiríonn díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon phinsean, aisce nó liúntas, nó maidir le méid aon phinsin, aisce nó liúntais, is iníoctha de bhun scéime faoin Sceideal seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Údaráis lena cinneadh ag an Údarás faoi réir chomhaontú an Aire agus an Aire Airgeadais.

6. Ní dhéanfaidh ollscoil aon phinsean, aisce, liúntas nó íocaíocht eile a dheonú ná ní dhéanfaidh ollscoil aon socrúithe eile chun pinsean, aisce, liúntas nó íocaíocht eile a sholáthar d'fhostaí nó i leith fostaí (lena n-áirítear an príomhoifigeach) seachas de réir scéime faoin Sceideal seo, nó le ceadú an Údaráis, arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

7. Cuirfidh an tAire faoi deara gach scéim a chuirfear faoina bhráid nó faoina bráid agus a cheadófar faoin Sceideal seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis í a cheadú amhlaidh agus má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.